

# TRÍ BRUIDHNE

NESSA NÍ SHÉAGHDHA  
MÁIRE NÍ MHUIRGHEASA

Mat. 49

Angus Platherson







TRÍ BRUIDHNE

ALEC TOM 7 A CHUID. TEO.  
BAILE ÁTHA CLIATH.

LE CEANNACH DÍREACH Ó  
OIFIG DÍOLTA FOILLSEACHÁIN RIALTAIS  
3-4 SRÁID AN CHOLÁISTE, BAILE ÁTHA CLIATH  
NÓ TRÉ AON DÍOLTÓIR LEABHAR



# TRÍ BRUIDHNE

NESSA NÍ SHÉAGHDHA  
AGUS  
MÁIRE NÍ MHUIRGHEASA  
DO CHUIR I NEAGAR

LEABHAIR Ó LÁIMHSGRÍBHNIBH, II ; ARNA  
GCUR I NEAGAR FÁ STIÚRADH GHEARÓID  
Í MHURCHADHA, AGUS ARNA GCUR AR  
FAGHÁIL AG OIFIG AN TSOLÁTHAIR,  
BAILE ÁTHA CLIATH, MCMXLI.

Is é ba mhian le hAire an Oideachais nuair a chuir sé buidhean eagarthóirí ag obair ar na leabhraibh seo téaxanna fada nár cuireadh cló ortha riamh a chur ar fagháil do lucht léighthe na Nua-Ghaedhilge, díreach mar atáid siad insna láimhsgríbhñibh, chomh luath is ab fhéidir, gan puinn ceartuighthe ná breithnighthe leaganacha.

G. Ó M.



## CLÁR

### RÉAMHRÁDH :

- |   |        |      |
|---|--------|------|
| I. Bruidhean Chéise Coruinn ( <i>Nessa Ní Shéaghdha</i> )           | ... .. | vii  |
| II. Bruidhean Bheag na hAlmhan ( <i>Nessa Ní Shéaghdha</i> )        | ... .. | ix   |
| III. Bruidhean Eochaidh Bhig Dheirg ( <i>Máire Ní Mhuirgheasa</i> ) | ... .. | xiii |

### TRÍ BRUIDHNE :

- |  |           |
|--|-----------|
| I. Bruighion Chéisi Coruin[n] ( <i>Nessa Ní Shéaghdha do chuir i n-eagar</i> )         | 3         |
| II. Bruighion Bheag na hAlmhan ( <i>Nessa Ní Shéaghdha do chuir i n-eagar</i> )        | 16        |
| III. Bruighean Eochaidh Bhig Dheirg ( <i>Máire Ní Mhuirgheasa do chuir i n-eagar</i> ) | ... .. 40 |

- |  |           |
|--|-----------|
| MALAIRT CHAINTE (Bruidhean Eochaidh Bhig Dheirg) | ... .. 92 |
|--|-----------|



# RÉAMHRÁDH

## I. BRUIDHEAN CHÉISE CORUINN

Ní hé seo an chéad uair do Bhruidhin Chéise Corainn a bheith i gcló. Chuir Standish H. O'GRADY leagan ó ls. Add. 18747 (Brit. Mus.) [1800] i gcló i *Silva Gadelica*. Chuir Tomás Ó GALLCHOBHAIR leagan ó ls. 3 e 18 (Magh Nuadhat) [1797] i gcló i n*Gadaidhe Géar na Geamhoidhche* (1915). Tá cúpla leagan béil i gcló chomh maith, ceann ó Thír Chonaill ag Seósamh Laoide i g*Cruach Chonaill*, ⁊ an ceann eile ó Chúil Aodha, i gCorcaigh, ag Domhnall Ó Ceócháin i m*Béaloidias II* (lch. 26).

Seo é an chéad uair, ámhthach, don leagan so—an leagan is sine atá ar fagháil—a bheith i gcló. Ó ls. XXXVI i Leabharlann Náisiúnta na hAlban, Dún Éidin, a tógadh é. B'é 'Eóghan Mac Gilleóin' (Earra-Gháidheal) do scríobh an ls. sin san mbliadhain 1690-1 do 'Chaillain Caimpbél mac Dhonchaidh mheic Dhughil mheic Chaillain Óig mheic Mhaighistir Archibald.'

Tá cóipeanna eile don sgéal so i lss. eile san Bhrit. Mus., R.I.A., Coláiste na Tríonóide (Baile Átha Cliath), Magh Nuadhat, ⁊rl., acht níl aon

cheann aca chomh haosta leis an dtéax so. Cé go bhfuil deifríocht san litriú 7 san innsint annso 7 annsúd ins na lss. go léir, mar sin féin nil aon deifríocht ins na heachtraí i n-aon ls. [Féach FLOWER: *Cat. of Ir. MSS. in the Brit. Mus.*, lch. 382, alt 6]. Tá cúnntas ar na heachtraí céadna ins an dán úd “Uathadh damh sa c[h]oirthe-so” [*Duanaire Finn* (I.T.S.) I, duain XXXV, lch. 91, ranna 108–130 (Eoin Mac Néill do chuir i n-eagar)]. Goll mac Morna a chanann na ranna san 7 é ag fagháil bháis ar charraig san bhfairrge; ag cur síos ar a chuid eachtraí atá sé, 7 is mar a chéile iad agus na heachtraí atá ins an sgéal.

Tá buadh eile ag an dtéax so (Ed. XXXVI) ar na téaxanna eile—seachas a sheandacht—7 ’sé sin go bhfuil blúire filíochta ann ag moladh Ghuill mhic Mhorna ná fuil i n-aon leagan eile, i ls. nó san mbéaloideas. “Fearghus Finbhēil” a chanann é nuair a shaorann Goll lucht na Féine ó dhraoidheacht na gcailleach, .i. “Buadhach sin, a Ghuill go mbuaidh.” Cuireadh an blúire filíochta so i gcló leis féin i *Leabhar na Feinne* (1872), lch. 88, (J. F. Campbell).

Deir Robin FLOWER [*Cat. of Ir. MSS. in the Brit. Mus.*, lch. 381, alt 6] gurab é is dóichí de gur ó thuaisceart Chonnacht a shíolraigh an sgéal so. Is fuirist an méid sin a chreideamhaint uaidh, mar is é Goll mac Morna an gaisgeadhach is fearr

ann, fé mar is gnáthach insna sgéalta Fianaigh-eachta a shíolraigheann ón gcúige sin.

Tá ls. eile (LXXXIX) san Leabharlann i nDún Éidin ina bhfuil cóip don dtéax so a dhein an 'Rev. Donald Mackintosh' ó ls. XXXVI tuairim is deire na hochtmhadh aoise déag nó tosach na naomhadh aoise déag. Níor bhaineas aon úsáid as an ls. sin agus mé ag ullmhughadh an téaxa so.

## II. BRUIDHEAN BHEAG NA HALMHAN

Tá leaganacha don sgéal so i gcló cheana féin i *Silva Gadelica* (ls. Add. 18747, Brit. Mus.) ag Standish H. O'GRADY, 7 i n*Gadaidhe Géar na Geamh-oidhche* (ls. 3 e 18, Magh Nuadhat) ag Tomás Ó GALLCHOBHAIR. Dáltha an leagain de Bhruidhin Chéise Corainn go rabhamair ag caint air go dtí seo, seo é an chéad uair don leagan so do Bhruidhin Bhig na hAlmhan—an leagan is sine atá ar fagháil—a bheith i gcló.

Ó ls. XXXIV. i Leabharlann Náisiúnta na hAlban, Dún Éidin, a tógadh an téax so. B'é 'Eóghan Mac Phail (*Dunstaffnage, Argyllshire*)' do scríobh í san mbliadhain 1603. Tá leagan eile i ls. XXXVI, fol. 96a, 7 bhaineas úsáid as mar dhara téax [Féach deire gach leathanaigh fé *a*, *b*, *c*, 7rl.]. Tá cóipeanna eile don sgéal so i lss. eile san Bhrit. Mus., R.I.A., Coláiste na Tríonóide (Baile Átha Cliath), Magh Nuadhat, 7rl. Dhein

an 'Rev. Donald Mackintosh' cóip don leagan ó ls. XXXVI san ls. chéadna (LXXXIX) inar dhein sé cóip do Bhruidhin Chéise Corainn. Níor bhaineas aon úsáid as an ls. sin (LXXXIX) agus mé ag ullmhughadh an téaxa so.

Tá deifir mhór idir an mBruidhin seo ⁊ na trí bruidhne eile (Br. Chéise Corainn, Br. Chaorthuinn, Br. Eochaidh Bhig Dheirg). Síodh-bhrugh, nú áitreabh sídhe, atá i gceist ins na trí bruidhne eile, acht achrann idir chlanna Baoisgne ⁊ clanna Morna atá i gceist ins an sgéal so. [Féach FLOWER: *Cat. of Ir. MSS. in the Brit. Mus.*, lch. 382, alt 8.] "Achrann" ar ndóigh is brí don fhocal "bruidhean" i gcaint na Mumhan indiu.

Tá tagairt i nAgallaimh na Seanórach (fé mar atá i n-eagar ag STOKES, ll. 2553-4) don gcúigear úd a thug a mbreith san gcás (Féach lch. 34, línte 12-18, don téax so), acht níl aon tagairt d' Fhionntan mac Bóchna san Agallaimh. Ní gnáth le Fionntan baint a bheith aige leis an bhFianaigheacht. Comhartha é sin, adeir FLOWER (*Cat. of Ir. MSS. in the Brit. Mus.*, lch. 382, alt 8), ar a dhéidheanaighe ceapadh an sgéal.

Ní fheadar ar nós é an tráth úd a nAlbain gan sínte do chur ar ghuthanna nuair ba ghádh iad, acht pé sgéal é chífidh an léightheóir gur beag síneadh (timcheall leath-dosaon ar fad) atá ins an dá théax so. Chuireas macron (-) is gach áit ar



dhóigh liom gur cheart síneadh do bheith. Albanachas, gan amhras, iseadh *an croidhe* (Ich. 8, l. 9) i n-inead *a gcroidhe* agus roinnt nithe eile a thabharfaidh an léightheóir tuisgeanach fé ndeara agus na sgéalta so á léigheadh aige.

Is beag nod a sgaoileas ón ls. nár chuireas i gcéill le cló iodáileach, acht amháin na nodanna simplí i gcóir *ar, n, m*. B'é cúis a bhí agam leis sin ná na lss. a bheith seanda agus gur dhóigh liom dá bhrí sin gur mhaith le lucht léighinn a fhios a bheith acu go cruinn cad é an nós sgríobhtha bhí ar bun ag sgríobhaithe na hAlban san am san.

Seo brí na gcomharthaí d'úsáideas  $\gamma$  an téax á ullmhughadh agam :

*h* (rómhánach) sa téax = *h* nó pungc ós cionn litre sa ls.

*h* (iodáileach) sa téax = *h* nó pungc atá ar lár sa ls.

[ ] = litreacha ná fuil sa ls.

< > = litreacha ná fuil soiléir sa ls.

Cló iodáileach i lár cló rómhánaigh (nó cló rómhánach i lár cló iodáiligh) = nod sa ls.

Seo liosta don chuid is mó dona nodaibh :

Líne nó pungcanna ag ciallú siolla nó roinnt shiollaí (cló iodáileach ar an siolla, nó ar na siollaí go léir), mar shampla : *inghean*, *adubhairt*.

I líne le pungc ós a cionn ag ciallú siolla (nó

siollaí) go bhfuil consoine séimh ann (nó ionnta) (cló iodáileach ar an siolla ar fad acht h amháin i gcló rómhánach chun an phuinge do chur i gcéill), mar shampla : na huamhadh, ar in tulaigh, iarraidh.

v ós cionn litre = *ar, air, ur, uir, ru.*

s ós cionn litre = *ear, eir, ir, ēr.*

ss ós cionn litre = *earr.*

γ = *ead, eid, eat.*

z = *us, wis, is, eas, as, ais.*

2, 6, etc. = *dá, sé, etc.*

2 (mar chomhartha siolla) = *da* (mar shampla 2th = *dath*).

ee = *eile* ;  $\overline{im}$  = *imorra* ; nt. = *inte* ;  $\overset{e}{o}$  = *Éir-ionn*.

n beag ós cionn litre = *ra.*

Na noda so leanas do sgaoileadh iad gan malairt chló d'úsáid.

∩ (= cam-líne γ a deire síos) ós cionn litre = *m.*

— ós cionn litre = *n.*

q le líne tríthe = *ar.*

q le dhá líne tríthe = *arr.*

q le líne tríthe γ 'i' ós a cionn = *air.*

s le líne ós a cionn = *cht.*

Chuireas fleiscín (hyphen) idir chodanna na gcomhfhocal nuair ba dhóigh liom go mba chabhair don léighthéoir san.

Tá mo bhuidheachas ag dul d'Aonghus Mac Mhathain M.A. (Glaschú) a cheartuigh na prúfanna dhom leis na lss. i nDún Éidin toisc ná raibh caoi agam féin ar dhul go Dún Éidin an ath-uair, agus do lucht Leabharlainne Náisiúnta na hAlban.

NESSA NÍ SHÉAGHDHA.

### III. BRUIDHEAN EOCHAIDH BHIG DHEIRG

Sa bhliadhain 1893 cuireadh cló ar *Bhruidhin Eochaidh Bhig Dheirg* i leabhrán dárbh ainm *Bláith-fhleasg de Mhilséainibh na Gaoidheilge*. Bhain an t-eagarthóir, .i. Pádraig Ó Briain, úsáid as trí láimhsgríbhñibh, ceann a bhí 'na sheilbh féin 7 dhá cheann de chuid Acadaimhe Ríoghdha na hÉireann (R.I.A.). Ní thugann sé a thuille eólais ar an dá cheann deireannacha san ach a rádh gurbh é Mícheál Ó Longáin a sgríobh ceann díobh "i mbliadhain 1799."<sup>1</sup>

Tá cló, leis, ar dhá leagan béil den sgéal a fuair eadh i nAlbain, ceann aca a sgríobhadh síos i *Maoile* (Earra-Gháidheal) 'sna bl. 1801-3 ar a dtugtar *Turus Fhinn do Thigh Odhacha Beaganich*<sup>2</sup>, ina

<sup>1</sup> Is dócha gurab í 23 E 16 an ls. sin. Tá an colophon so le fagháil inti, lch. 33 : "Iairna ghrafadh liomsa Mícheál Óg Ó Longáin air an cCorrbhaile, láimh le Gleann Úir, a ttigh Mhaitiú Uí Dhálaigh san mbliadhain 1799."

<sup>2</sup> J. F. Campbell, *Leabhar na Féinne*, lch. 91. Fuair Campbell an sgéal i gcnuasach Staffa. Sé seo an leagan béil is cosamhla le sgéal na litridheachta.

bhfaghtar leagan de *Laoi na Con Duibhe* (feuch *infra*); ceann eile<sup>1</sup> a sgríobhadh síos i mBarra sa bhI. 1859. Tá cló, leis, ar aistriúcháin Bhéarla a deineadh ar dhá leagan ó *Craignish*.<sup>2</sup> Tá “analysis” déanta ag W. A. Craigie (Scottish Review, Iml. xxiv, lch. 275) ar *Bhruidhin Eochaidh Bhig Dheirg* fé mar atá sé i n-eagrán an Bhrianaigh agus insna leaganachaibh béil a fuair i Maole 7 i mBarra.

An *Bhruidhean Eochaidh Bhig Dheirg* atá i gcló annso, sa ls. H. 5. 28 i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath a fuair i. Ón láimhsgríbhinn sin a chuir Cecile Ní Raithile *Tóruigheacht Gruaidhe Grian-sholus*<sup>3</sup> i n-eagar, 7 dhein sí ceist sgríobhaithe na láimhsgríbhne d’iniúchadh i réamhrádh an leabhair sin. Do shíl Seán Ó Donnabháin, do réir deallraimh, gurbh é Mícheál Ó Cléirigh nó duine dá chomhoibritheóiribh a sgríobh H. 5. 28. Tá an méid sin le tuiscint ó litir a sgríobh Seán Ó Donnabháin atá anois i dtaisge sa ls. H. 5. 27,<sup>4</sup> ach ní ró-fhuirist a thuisgint connus a dh’fhéadfadh sé a leithéid a chreideamhaint, mar tá an dáta 1679 sgríobhtha i dtrí colophonaibh sa ls. .i. ff. 18, 39, 60. I dtuairim Cecile Ní Raithile is féidir gurbh é Eóghan Ó Donnghaile, file ó oirthear

<sup>1</sup> *Popular Tales of the West Highlands*, J. G. Campbell, Iml. II, lch. 89.

<sup>2</sup> *The Fiants*, J. G. Campbell, lgh. 192, 197.

<sup>3</sup> Cumann na Sgríbhneann Gaedhilge, Iml. xxiv, lch. viii.

<sup>4</sup> Gwynn-Abbott, Cat. of Irish MSS. in T.C.D., lgh. 262, 263.

Uladh a mhair timchioll na bl. 1680, a sgríobh H. 5. 28. Deineann Eóghan Ó Comhraidhe<sup>1</sup> tagairt do láimhsgríbhinn i gColáiste na Tríonóide a sgríobh "Owen O'Donnely, an excellent Gaelic scholar," thimcheall 1690, 7 b'fhéidir gurab ionann an ls. sin agus H. 5. 28. Pé sgéal é is cinnte gurab í canamhaint oirthir Uladh atá sa ls. H. 5. 28.

Tá cóibeanna don sgéal flúirseach go leór insna láimhsgríbnibh. Tá cúig chóib dhéag (ar a laighead) san R.I.A.,<sup>2</sup> agus dhá chóib san Leabharlann Náisiúnta (Uimhreacha 69 7 123). I dtosach an naomhadh aois déag a sgríobhadh gach ceann díobh san, ach amháin 12 F 7 de chuid an R.I.A. a sgríobh Tomás do Búrc i nUnach, i gCorcaigh, sa bhl. 1749. Tá malairt chainte ón ls. sin le fagháil i ndeireadh an leabhair seo. Tá cóibeanna eile le fagháil sa ls. H. 4. 10 (T.C.D.); sa ls. Egerton 140 (British Museum) a sgríobhadh sa bhl. 1766; sa ls. LVI (Advocate's Library, i n-Albain) a sgríobhadh thimchioll 1700 (Mackinnon, Cat. Gaelic MSS. in Scotland, lch. 166). 'Sé leagan H. 5. 28 an leagan is sine, agus 'na theannta san 'sé is iomláine. Tá cuid mhaith aige de bhreis ar na leaganachaibh eile (ar na cinn atá i mBaile Átha Cliath acht go

<sup>1</sup> MS. Mat. lch. 195.

<sup>2</sup> Insna láimhsgríbnibh seo leanas: 12 F 7, 24 I 9, 23 L 16, 23 B 15, 24 L 24, 23 O 46, 3 B 13, 24 B 35, 24 A 13, 24 C 8, 23 N 25, 24 B 33, 23 C 10, 24 A 23, 23 E 16.

háirithe)<sup>1</sup> .i. ó theacht fhir an tslabhraidh, ar lch. 65, go dtí an áit ina n-innstear connus mar do dhein Conán 7 Bran ‘guin ghalann 7 cumthach cnáimh-ghearrtha’ dá náimhdibh ar lch. 81.

Do cumadh laoi ar éacht amháin (lch. 58) sa sgéal a thaitnigh go mór leis na daoinibh, .i. comhrac na con duibhe 7 con na Féinne. Tá an leagan Gaedhilge is sine don laoi sin le fagháil san R.I.A. sa ls. 23 A 47 a sgríobh Tomás Polard sa bh. 1778. Tá leaganacha eile le fagháil i gceithre láimhsgríbhñibh eile san R.I.A. a sgríobhadh san naomhadh aois déag. Rannuigheacht an-bhriste an mheadaracht atá san leagan is sine féin, 7 murach an laoi bheith le fagháil i nAlbain is ar éigin a chreidfé gur roimh deireadh an seachtmhadh aois déag no tosach an ochtmhadh aois déag a ceapadh í.

Bhí tóir mhór ar an laoi i nAlbain 7 is mó leagan di do bailigheadh ann. Tá a bhfurmhór san i gcló ag J. F. Campbell i *Leabhar na Feinne* agus ag Cameron insna *Reliquiae Celticae*. Tugann Reidar H. Christiansen (sa leabhar do sgríobh sé ar *The Vikings and the Viking Wars*, lch. 171) liosta iomlán dosna leaganachaibh Albanacha atá ar fagháil, 7 tá an leagan is sine dhi, a fuair eadh i nEarra-Gháidheal thimchioll na bl. 1750, i gcló an athuair aige féin : i *Leabhar na Feinne* a cuireadh i gcló ar dtús é.

<sup>1</sup> Ní fhacas na cinn atá ins na leabharlannaibh thar sáile, ach deir Craigie gur beag nách ionann leagan na ls. lvi san Advocate's Lib. 7 eagrán an Bhrianaigh.

Ina fhochair sin tá liosta ag an nDr. Christiansen de mhalairt chainte na leaganacha Albanacha eile. Ba mhaise ar an obair é da ndeineadh sé stuideár ar na leaganacha Éireannacha leis, mar is é is dóichí de gur ó Éirinn a tháinig an laoi ar dtús: dheallróch an sgéal gurab í an laoi go bhfuil an leagan is sine dhi le fagháil i 23 A 47 a bhí mar bhunús le leaganacha béil na hÉireann agus na hAlban.<sup>1</sup>

Do thug Nessa Ní Shéaghdha, *supra* lgh. xi-xii cunntas ar an gcuma 'nar sgaoil sí nodanna na lss. Mar sin nách mór do sgaoileas féin iad chomh maith, ach gur minic z (nó a lithéid eile do nuid ná féadfaí dul amudha puinn uirthi) sgaoilte agam gan malairt chló d'úsáid. Taobh amuigh do na nodaibh atá luaite ag Nessa Ní Shéaghdha is minic h÷ (= *ua*, *uadh*, *uaidh*, *uath*) ag sgríobhaidhe H. 5. 28.

Bheirim mo bhuidheachas le lucht stiúrtha leabharlann Choláiste na Tríonóide agus na hAcadaimhe i dtaobh caoi thabhairt dom ar úsáid a bhaint as na láimhsgríbhne atá 'na seilbh.

MÁIRE NÍ MHUIRGHEASA.

<sup>1</sup> Tháinig *Béaloideas IX* i gcló ó sgríobhadh an méid sin. Gheóbhthar annsan (lch. 1 *sq.*) roinnt leaganacha béil ó Chúige Chonnacht do dhein An Craoibhín a sholáthar, leagan ó sgríbhinn do sgríobhadh i gCiarraighe " tuairim na bliadhna 1860 nó 1861 " do chuir an Seabhac i n-eagar, agus tagairt do leaganacha eile ag Séamus Ó Duilearga.





TRÍ BRUIDHNE



## BRUIGHION CHÉISI CORUIN

Ed. xxxvi, 104b.

Sealg suaire sochruidh saor-aoibhin do-rōinadh le Fion mac Cumhaill *mheic Thrēnmhōir* i Bhaoisgne fā chrīochuibh caomh-āille an Choruin, 7 fā *threabhuibh lān-āille Laigheann*, 7 fā choiltibh *grian-torach' glan-chnocuibh*<sup>1</sup> Guill, 7 fā choilltuibh diamhare do-eōiluis Dallāin, 7 fā *thrāigh ālluin Eōchuill*, 7 fā *chrīochuibh cnuas-thoracha Brat-shlēibhe*, 7 fā choilltuibh *craoibh-dhaingne Chonchubha*[i]r, 7 fā Loch glan-aoibhin Gile, 7 fā Loch fuar Uisnighe, 7 fā thūr n-ālluin n-aoibhin n-Oillalladh, 7 fā choiltibh blāth-ā(i)lle Brat-shlēibhe.

Agus do shuidhe Fionn 'na dhūna<sup>2</sup> sealga an lā sin ar mullach Chēise Coruin 7 a dhā choin fēin aige, .i. Brann 7 Sgeōlbhin; 7 nīor fhan 'na fharadh an sin acht Conān maol mallachtach mac Morna. Agus do ba bin le Fionn gotha 7 glamghār na gadhir, 7 gārtha *greanmhar'* na gasruidhe, lūghuil lān-lūthmhar na laochraidhe, toran 7 tormān na triath 7 na tighearnadh ansna forusuibh 7 ansna fāsuibh bhaoi 'na n-urthiomchioll.

<sup>1</sup> sic.

<sup>2</sup> sic (recte *dhumha*).

Is an sin do léigadar Fiana Éironn gárthacha  
 105a. saothracha sealga <sup>1</sup>ar íslibh asda<sup>1</sup>. Agus as é  
 ba triath ⁊ ba tighearna ar síth-bhruth Chéisi<sup>2</sup>  
 Coruin fán am sin, .i. Conarān mac Amidil do  
 Thuathuibh deilbh-*chaoin'* Dē Danan, ⁊ mar do-  
 chuala Conarān<sup>3</sup> na gártha sin do líon measguis  
 ⁊ mōr-fhuath na Fēine é. Agus is amhlaidh do  
 bhī Conarān ⁊ trī hinghinadh aige ⁊ iad go glic  
 gaosmhar fīor-eōilach ; ⁊ tiaghaid na trī hinghinadh  
 sin amach as an síth <sup>4</sup>d'aimsuidh ⁊ a dhiongbhāla<sup>4</sup>  
 na Fēine, ⁊ suighid a ndorus beōil na huamhadh,  
 ⁊ cuirid trī hīorna garbh-ghlasa snāthe geintlidhe<sup>5</sup>  
 ar trī chual(i)mhne<sup>6</sup> fhada fharsuing', ⁊ gabhuid  
 tuaitheal ag tochras (a)n tsnātha. Agus nī cian  
 dōibh iar sin go ttāinic Fionn ⁊ Conān ar ur na  
 huamhadh ⁊ do-choncadar na trī cailleacha  
 siabhartha searbh-ghlōrach' a ndorus na bruighne,  
 ⁊ trī fuilt ruagha ruimhneach'<sup>7</sup> ro-sgaoltach'  
 fortha, ⁊ sē sūile slios-dearga síor-fhliucha aca,  
 ⁊ trī beōil dubha duaibhseach' datha-ghrānna  
 dochar-labhra leis na cailleachuibh sin, ⁊ trī  
 muinēl chnāimh-fhailseacha chīor-dhubha ag  
 105b. connmhāll a ccinn ar na cailleachuibh sin, ⁊ sē  
 lāmha laoch[dh]a lān-fhada leō, ⁊ ba samhalt le<sup>8</sup>

<sup>1-1</sup> ls. *ar íslibh asduadhibh* mar catchword ag bun l. 104b ⁊ *ar íslibh asduibh* sa téax ar bhárr l. 105.

<sup>2</sup> ls. *ceisa ceisi*, agus *puncta delentia* fé litreachaibh an fhocail *ceisa*.

<sup>3</sup> ls. *Chonaran*. <sup>4-4</sup> sic. <sup>5</sup> ls. *glintlighe*. <sup>6</sup> sic (= *chuaille?*)

<sup>7</sup> sic (= *ruainneach?*). <sup>8</sup> ls. *nē*.

Ed. xxxvi, 106a.

haodha[i]rc *bhar*-chaoil *bhu*abhil na hingne fada  
*fír-ghēira fear*-ghonta do bhī forra, ⁊ *trī* meadhōin  
*chraophacha chuisleannacha*<sup>1</sup> *chruaidh-chalma*, ⁊  
*sē* cosa fada fiara fo-chama fail-mhērach' *laoghair-*  
*bhrénach'* *fliuch-shalach'* *fū*thuibh, ⁊ *trī* claidh-  
*imhe* leathan' *colg-dhīrach'* *cruaidh-ghēra* 'na  
*lāmhuibh* leō.

Dearcuis Fionn ⁊ Conān foirra, ⁊ caochluidhis  
a *ccruth*, a *dealbh*, ⁊ a *n-innil*, *aigā* faicsin, ⁊  
*dhearguidar* ar *tūs*, ⁊ *bānuid arīs*, ⁊ *duibhid fā*  
*dheōigh*, ⁊ *tuitid* as a seasamh [a] haithle na  
*n-aracht* sin a *d'fhaicsion* ⁊ na *n-iarnadh* baoth  
do bhī aca; ⁊ *tāngadar* na *trī* *laoch-mhnā* 'na  
*lāthair* iar sin, ⁊ *ceangluid* ⁊ *cruaidh-chuibhrighid*  
Fionn ⁊ Conān ⁊ *rugadar* leō *anunn*<sup>2</sup> *ansan*  
*mbruighin* iad.

Nīor *chian* *dōibh* iar sin *go bhfacadar* Oisín ⁊  
Osgar ⁊ Mac Lughach *lān-trēn* go haon-*lāthair*  
*dā* *n-ionsuidhe* ⁊ *maith[e]* *clanna Baoisgne maraon* <sup>106a</sup>  
*riū*, ⁊ ar faicsin na *fiagh-cha[i]lleach* sin *dōibh nī*  
*raibh neart* *mnā* re *n-iodhnaibh* *ansna trēn-*  
*fhearuibh* sin; ⁊ ro *cheangladar* na *ca[i]lleacha*  
*uile* iad ⁊ *rugadar* *ansan bruighin* iad.

Is an sin *tāngadar* *clanna meara* *meanmnach'*  
*mīeanta mōrdhālach'* Morna do *lāthair*, ⁊ do-  
*choncadar* an *t-iorna geintlidhe*<sup>3</sup> ⁊ do-*chuidh*<sup>4</sup>

<sup>1</sup> Is. *chuisleanadh*.<sup>2</sup> Is. *anuin*.<sup>3</sup> Is. *glintlighe*.<sup>4</sup> Tá *pungc ós cionn* an *c* agus *h* 'na *dhiaidh chomh*  
*maith* sa *ls*.

a *neart* uile ar gcūl; ⁊ do cheangladh iad go daingne<sup>1</sup> do-sgaoilte. Agus tānic clanna Rōnān do lāthair chuca, ⁊ ar faicsin na n-aracht dōibh nī roibh *neart* naoidheana a n-aon-duine dñiobh; ⁊ do cheangladh iad ⁊ rugadh san chnoc gcēdna iad. Agus tāngadar clanna Neimhnuin ⁊ do-rīnadh *mar* an gcēdna riū; ⁊ is *mar* sin do-rinnadh risan bhFéin<sup>2</sup> uile. Ciodh trācht, ro cheangladar ceithire catha na gnáth-Fhéine<sup>3</sup> ⁊ rugadar leō go docair do-sgaoilte fá Chéis<sup>4</sup> Coruin iad gan chomhrac gan chathughadh re haon dñobh. Agus do bhādar coin chean-dearga ⁊ gaodhair ghlan-ghothach' ghrin-ghasda ag donāladh ⁊ aig nuallghoile a ndorus beōil na huamhadh, ag iaruidh a ttriath ⁊ an tighearna ⁊ na lāmha lāidir do bhī aca do ghnāth tar ēis a n-aisdir ⁊ a n-imcheacht. Agus rob iomdha an sin fiadh cnāimh-gheartha ⁊ muc allta ⁊ míolta mong-ruaidh' moighe arna marbhadh, ⁊ bruic brūita buan-rēbtha ⁊ na huile fhiadh-mhīol ar-cheanna iarna bhfāgbhāil for thaobhuibh na tulcha sin, iar ceanguil na droinge do bhī dā n-iomchuir ⁊ dā n-aisduir.

106b.

Is an sin tångadar<sup>5</sup> na trī fiadh-mhñā mōra mīleanta sin amach iar bhfāgbhāil na Fēine ceanguilte a laguibh lān-doimhne cūnga cuas-

<sup>1</sup> sic.<sup>2</sup> ls. *ris an nfeine.*<sup>3</sup> ls. *gnatha-fheine.*<sup>5</sup> ls. *atangadar.*<sup>4</sup> ls. *cheisi.*

Ed. xxxvi, 107a.

leathna an chnoic, ⁊ *trī* claidhmhe clais-leathna colg-dhīrach' *cruaidh-churanta* 'na lāmhuibh leō, .i. *trī* lana liomhtha ledaracha loin-ghēra, ⁊ nī roibh fuigheal buile nō bēim aig aon-*chlaidhiomh* dhīobh ar a chēile. Agus ro fhēchadar a ngach aon-aird a d'fhios a bhfaicfidīs taonalach<sup>1</sup> nō taisdilach d'Fhianuibh *Ēirionn* dā ttiubhraidīs bās ⁊ buan-*oighidh*. Ō nach bhfacadar dob āill leō dul asteach ⁊ an Fhian do dhīcheannadh.

Nīor chian dōibh amhluidh sin go bhfacadar<sup>2</sup> 'na dochum aon-ōglāch *mōr* mīleanta *mear-*<sup>107a</sup> *chalma*; ⁊ dob ē sin an leōghan lūthmhar lán-fheargach,<sup>3</sup> ⁊ a[n] *nathair* neimhnach *neartghonnach* ēigiallaidh, ⁊ an t-onchū áigh ⁊ iorghuil, ⁊ an bheithir bheōdha bharamhuil bhuanthiodhلاعach, ⁊ an *curaidh* comhla[i]n a ccath, ⁊ an *dre[a]guin* dian dāsachtach do-fhuiluing, ⁊ an *mīidh* *mear*dha mōrdhālach, ⁊ an laoi ch lēdmheach lán-chalma ⁊ an tonn raubharta *romhear*, .i. *Iollan mac Chormic mheic Neimhnuin mheic Mhorna mhō[i]r mheic Aoidh dhuinn mheic Ceit mheic Mhāghach mheic Chairbhre*<sup>4</sup> *Chinn-deirg*, .i. *rī Conacht*; ⁊ iarna fhaicsin dona *trī* deamhuibh duaibhseach' droch-dhatha tāngadur go prap prīomh-urlamh 'na chomhdhāil, ⁊ ro-fhearadur gleō gāiphtheach grāinneamhuil grod-

<sup>1</sup> Is. *taonal* ÷ (*recte faoinneallach* ?).<sup>2</sup> Is. *bfachadar*.<sup>3</sup> Is. *lan fearghach*.<sup>4</sup> sic.

urlamh ⁊ comhrac fēithmhuil faobharach ⁊ iorghuil aind[r]eanta, ⁊ do-rōineadar comhrac ēchtach urlamh tres-mhear tulgānach bon-mhall bas-luath cniodhach croidhach crēchtach crō-lintach, ⁊ nīor mhoithīdar time nō tlās nō tarchuisne aig ceachtair dhīobh ar a chēile gur *bhrisadar* a ccraoiseacha cudrom' coimbreamhara catha san iorghuil sin. Is an sin do luaitheadar a lāmha ⁊ do *chruaidheadar* an croidhe chum an chomhlainn sin.

107b. Ciodh trācht, is an sin ro fhearguidh go fīor-adhbhuil an curaidh comhlana<sup>ch</sup> <sup>1</sup>aon-chum cnāmha<sup>1</sup> ⁊ ro ghabh do bhēimionaibh borb-neartmhar' bāis ar na cailleachuibh fīor-ghrāina do bhaoi for 'aghuidh, ⁊ do shīn a lāmh lonnaruidh<sup>2</sup> lān-lāidir leis an loin ⁊ do-bheir buile brīoghmhar barramhuil dona harachtuibh fīor-ghrāna bhaoi for 'aghaidh, .i. Camōg ⁊ Cuillin chean[n]-ruadh, ⁊ beiris bēim dhiongmhāla orra go ndearna ceithire hoirne cearta comhchothrom' dīobh, ⁊ dob ē sin treas buille is mō do bhuailidh a nĒirinn riamh, .i. buille Fearghu[i]s mheic Rosa Ruaidh mheic Ruighrī a ccath Gāire dār mharbh sē na teōra Maoil Mithe d'aon-bhuile, ⁊ buile Chonail Chearnuidh do Cheit mōr-gharg mac Māghach, ⁊ buill[e] Ghuill mheic Mhorna dār mharbh Camōg ⁊ Cuilin chean[n]-ruagh, .i. *dā inghean Chonarāin* mheic Aimidil.

<sup>1-1</sup> sic.

<sup>2</sup> sic (=lonnardha?).



Ed. xxxvi, 108a.

Is an sin do shīn sinfeathar<sup>1</sup> clanna Conarāin a dā lāimh a ttiomchioll Ghuill do leath a dhroma, .i. Iarnach *inghean Chonarāin*, an feadh do bhī sē aig dīcheannadh na deisi eile dhīobh. Iompuis Goll re hIarnach an dara huar 7 iadhus a dhā<sup>108a</sup>. lāimh 'na tiomchioll. Tugadar cuir bheōdha bhorb-neartmhara bhuan-lāidir', 7 cuir chrōdha chroibh-neartmhar' dā chēile, 7 snadhmana teanna trēn-neartmhar' 'aroile; 7 do-rinnadur gleic crōdha coimhneartmhara ar feadh na huar[e] sin. Tug Goll cor calma curanta don chailligh gur thrasgair go lān-talmhuin ī. As a haithle cheanglaidh Goll an chailleach go daingean<sup>2</sup> do-sgaoilte d'irsibh a sgēithe.

Nochtas Goll a chlaoidhimh clais-leathan colgdhīrach do chosgairt<sup>3</sup> 7 do chnāimh-ghearradh na caillighe.

Is an sin adubhairt sisi: "A laoch nār leōnadh a ccath nō a n-iorghuil 7 nār<sup>4</sup> thoirneamh 7 nār trēigadh a ccruaidh-chomhrac riamh, cuiram-sa mo chorp 7 m'anam air comairce do ghoile 7 do ghaisgidh, 7 do-bheirim Fionn 7 Fian Ēirionn go hiomshlān asam pēin gan fhuilghiodh gan fhoirdheargadh ar neach dhīobh, 7 luidhim fāna dēibh dā n-aoghrum go coimheōlaidh mē sin."

Sgaoluis Goll, an rī-mhīleadh, don chailligh iar sin. As a haithle sin tēid roimhe gusan chnoc a raibh Fionn 7 Fian Ēirionn 7 fuar sē Fionn<sup>108b</sup>.

<sup>1</sup> sic ls. (= *sinnsear*).<sup>2</sup> ls. *dainghean*.<sup>3</sup> ls. *chosghart*.<sup>4</sup> ls. *nicr*.

ceanguilt' cruaidh-chuibhrighthe ⁊ ceithire catha na gnáth-Fhēine maraon fris. Agus is anbhan ēgao[i]n[t]each do bhādar an drong sin arna gceanguil, ⁊ adubhairt Goll: "Sgaoil<sup>1</sup> a d'Fhearghus Fīnbhēil ⁊ d'aois ealadhna na Fēine ar tūs," ⁊ do-rinnadh amhlaidh sin. Do sgaoladh d'Fhionn ⁊ a d'Oisín ⁊ a d'Osgar ⁊ do dheich macuibh fichead Morna mhō[i]r ⁊ d'Fhianuibh Ēirionn uile; ⁊ ro ēirghigheadar as an uamha[i]dh amach iar sin go hanbhan aimhneartmhar, ⁊ do shuigheadar ar in tulaigh ōs dorus bēil na huamhadh; ⁊ ro fhēch Fearghus Fīnbhēil ar Goll ⁊ adubhairt in laoi an:

"Buadhach sin a Ghuill go mbuaidh:  
is prap ro fhōiris na sluaigh:  
do bheithmīs uile gan chinn  
muna ttiocfā-s[a] chuginn.

"Giodh mōr an uar ro fhōiris riamh  
oruinne, a Ghuill na n-ard-ghliadh<sup>2</sup>,  
do bu mō in cās oirne a n-ua[i]r  
ar mbeith ceanguilte a n-ēn-uaimh.

"Camōg ⁊ Cuillin chiar,  
is leō do cheangladh an Fhian,  
agus Iarnach fa garbh gleic,  
do cheangail<sup>3</sup> sin trē chroibh-neart.

<sup>1</sup> ls. *sgaoil*3.

<sup>2</sup> ls. *na n-ard-ghliaidh*.

<sup>3</sup> ls. *cheanghal*.

Ed. xxxvi, 109a.

“ Nuar *dob*<sup>1</sup> *āil leō* ar ccinn  
do *bhuan dīnn* gan *ēislinn*,  
do-*chuidar* 'na *ttriar amach*,  
is *d'fhāg siad* an *Fhian* go *brōnach*.

“ Nīor *chian dōibh* sin ar in *leirg*,  
na *trī deamhnaibh* fa *claon ceard*,  
go *bhfacadar* aig *teacht* 'na *gar*  
*Goll mōr* is *ē* 'na *aonar*.

“ *Tiaghaid* na *trī mnā mōra*  
a *ccomhdhāil* an *churadh crōdha*,  
γ *comhruicis riū trē rath*  
a *ndorus beōil* na *huamhadh*.

109a.

“ Nīor *ghnāth* leis *comhthrom* d' *iarraidh*<sup>2</sup>  
*Goll mōr* a *n-aighidh fiallaigh* :  
*comhruicis riū* go *teann*  
*dār mharbh Camōg* is *Cuillinn*.

“ D'aon-bhuille don *loin luim*  
*gearruis* iad ar *aon fān druim*,  
*gur thorchuir* *Camōg* an *bās*,  
is *Cuillinn, gēr chruaidh* in *cás*.

“ *Iadhus Iarnach leath dā dhruim*,  
*gior chalma*, in *curaidh comhla*[i]n :  
*iompuis Iollan* ria go *ceart*  
γ *ceangluis*<sup>3</sup> *ī trē chroibh-neart*.

<sup>1</sup> ls. *dobh*.<sup>2</sup> ls. a *diarraidh*.<sup>3</sup> ls. *ceanghluis*.

“Nochtas Iollan an lann,  
is di do bheanfadh an ceann,  
nō gur gheall sī an Fhian uile  
aisde ō ōg go seanduíne.

“Sgaoilis Iollan di iar sin :  
tigid ar aon don bhruighin ;  
agus sgaoilis dīnn uile  
eduir rī ⁊ ro-dhuine.

“Aon-ghāir-bheanocht uain<sup>1</sup> uile  
ō ōglāch go seanduíne  
do Gholl ⁊<sup>2</sup> ar mbreith amach,  
don bhuine bhríoghmhār bhua dhach.”  
Buadhach.

Dāla Finn ⁊ na Fēine a haithle na laoi sin go bhfacadar ag teacht tar dorus beōil na huamhadh an dūile dho-dhealbha dhuaibhseach dhroch-dhatha ⁊ an t-aracht tār-mhōr trēn-chailliche, .i. cailleach croibh-fhiachlach chas-leathrach<sup>3</sup> críonn-aracht ⁊ an dūile dhiabhlaidhe dhroch-dhatha, ⁊ go lanfan<sup>4</sup> mar urad ubhail nō mōr-āirne ar gach aon-rōinne dā mailghidhe garbha glasa, ⁊ sūile silteacha sīr-dhearga, ⁊ srōn ghorma ghlais-leathna ag sileadh a srotha a sean-bhēil duaibhseach droch-dhatha doi-dhealbha garbh ēgcōrtha grāinna, fiacla

<sup>1</sup> ls. *uaine*.

<sup>2</sup> sic.

<sup>3</sup> ls. *casl* + ⁊ (le pungc ós a chionn) + *r* (le *c* séimh ós a cionn).

<sup>4</sup> sic ls. (=leanfadh nó n-anfadh?).

Ed. xxxvi, 110a.

gocanta<sup>1</sup> 'na craos-bhēil, ⁊ teanga lom *ghēr* a ndorus a bēil, ⁊ lāmha caol-righteach' cruaidh-chuisleanach' go n-ingnuibh fada fīr-ghēra fear-ghonta fīr-neimhneach' furra ⁊ sbaran loma liatha laga *mar* chīochuibh lom-buidhe liatha a hucht na laoch-chailliche sin, ⁊ sbuir aibhseach' allanta urghrāna ag tuitim rena taobh tōn-lom *tār-mhōr*, ⁊ mēthach corpach quisleanach aice, ⁊ *dā* chaol-gheadān chruaidh-loma chas-mhāsach' lē, ⁊ *dā* chois fho-chlūmhthach' fūithuibh, ⁊ ēideadh daingean do-bhrisde uimpe, ⁊ claidhiomh clais-leathan colgdhíreach for sliasaid coisa clī na caillighe sin, ⁊ sgiath mhōr mhíleanta ōs ard a droma. Agus tánic<sup>2</sup> sī a fiaghnuis Fhin ⁊ na Fēine fán<sup>3</sup> chuma sin, ⁊ do *chuir* fā gheasuibh iad fāna sāth do chomhrac aon-fhir d'fhaghāil dī.

Agus adubhairt Fionn : "'Oisīn," ar sē, "coisc an chailleach ūd dīnn."

Adubhairt Oisīn : "As anbhfan mē tar ēis a bhfuaras ōn chaillich ūd roimhe so."

As ī do bhī an sin, .i. Iarnach inghean Chonarāin ag teacht do dhīoghuilt a seathrach. Agus do dhiúlt Oisīn ⁊ Osgar ⁊ Mac Lughach lān-ēchtach ⁊ Diarmuid dēd-sholus ō Duibhne ⁊ Caolte mac Cronchu[i]r mheic Rōnāin ⁊ maithe ⁊ mōr-uaisle na Fēine uile dul do chomhrac risan cha[i]lligh, ⁊ adubhairt Fionn go rachadh do<sup>4</sup> chomhrac ria.

<sup>1</sup> recte *coganta* ?

<sup>2</sup> ls. *atanic*.                      <sup>3</sup> ls. *fana*.

<sup>4</sup> ls. *go* ⁊ é ceartuighthe go *do*.

Adubhairt Goll an tan sin: “nī rachuir-si an[n], [a] Fhinn,” ar sē, “ōir nī cubhaidh dhuit comhrac caillighe do dhēnamh. An uar is mō an t-ēigantas is an[n] dhearbhtur an chara dīlis.”

Is an sin do ēirigh Goll go huirlamh a ccoine 7 a ccomhdhāil na caillighe, 7 do-rinnadar comhrac neimhneach mīleanta mōr-chalma 7 iorghuil urlamh ainiamartach 7 gleō gāiphtheach grāineamhuil dísgr<sup>1</sup> dlūth-mhear dāsachtach gan fios tlās nō time nō tarchuisne ag ceachtair dīobh ar a chēile. Ciodh trācht, do chuir Goll a mhēr a suaineamh<sup>2</sup> na sleidhe, 7 tug urchar uadha gan chaime gan chlaonaighe gusan chailligh, gur chuir grāine na sleighe trīd an sgiath 7 trīd ghuala<sup>3</sup> na caillighe, gur thorchar ar in lāthair sin.

Do-chuaidh Goll iaramh fā Bhruighin Chēisi Corain ar marbhadh trī hinghine Chonarāin dhō, 7 do-rīn tor trēn taobh-ruadh dearg-lasrach don bhruighin, 7 tug an uile mhaithios a bhfuair inte d’Fhionn; 7 tug Fionn ’inghean fēin an lā sin do Gholl, .i. Caon chneas-gheal inghean Fhinn. Agus as ī a rug a[n] mac meanmnach mōr-oirdhearca dhō, .i. Feadh mac Guill mheic Mhorna, 7 do thorchar leis fēin a ccean sheacht bliadhna dēg é ar in rāith sin fēin.

<sup>1</sup> ls. *disgra*.

<sup>2</sup> ls. *suait* → (= *suait*[hn]idh, .i. droch-litriú ar *suaineamh*).

<sup>3</sup> ls. *gcuala*.

Ed. xxxvi, 110b.

Conadh ī Bruighean Chēisi Coruīn go n-uige sin.

Finis, .i. Finid, crīochnūgh an sgēla sin an  
naoieamh lō do mhī December 1690.

Gach neach do lēighios ē tugadh a  
bheanocht ar an sgrīobhniōr. Amen.

γcra. Caillain Caimpbēl mac  
Dhunchaidh mheic Dhughil  
mheic Chaillain òig mheic  
Mhaighistir Archibald  
les an leis  
an leuibhrāin.


Campbell of ...  
(14th century?) ...

Mr. Archibald

Cailean òig

Dughil

Dhunchaidh



Cailean òig of  
Killberry

Capt. Glen  
died abroad

Cailean Caimpbēl

(1470?)

[ These are the Campbells of Killberry. See  
Genealogy of Campbells of Auchinbrock,  
Highland Papers, iv, 80-82. This genealogy  
has Cailean òig of Killberry between Cailean  
òig and Mr. Archibald ]

## BRUIGHION BHEAG NA HALMHAN

Ed. xxxiv, 13a.

13a.

Fleadh mhōr-chaoin mhōr-adhbhal do com-  
mōradh le [Fionn] mac Cubhail mheic Threun-  
mhōir í Bhaoiscne a n-Ealmhuin le[ath]ain mhōr-  
laoch[dh]a ar Magh Laighean, ⁊ an tan ba hullamh  
ionchaitmh(e)<sup>a</sup> hí tãactar maithe ⁊ mōr-ua[i]sle  
na Fēinne dia tho-chaitheamh<sup>b</sup>, ⁊ is iad so rob  
amhra ⁊ rob uaisle díobh a ndeaghuidh Fhinn,  
iodhōn, Goll mōr mear míleata mac Morna gona  
<sup>c</sup>thrī caogaid<sup>c</sup> bráthar maraon ris, ⁊ Oisín fíor-ghlic  
fíor-bheōgha mac Finn, ⁊ <sup>d</sup>Oscar ádhbhar anghlon-  
dach mac Oisín<sup>d</sup> gona mhacuibh, ⁊ Mac lán-trēn  
Lughach gona mhacuibh, ⁊ uaisle clanna Baoisgne  
maraon riú, ⁊ Diarmuid mac Duinn mheic Dhonn-  
[ch]uidh Uí Dhuibhne gona thrī<sup>e</sup> macuibh ⁊ go  
maithibh a mhuintir[e] maraon ris, ⁊ meic árrach-  
tach<sup>f</sup> Úa Neamhnuinn go líon a ttionóil maille  
friú, ⁊ clanna díomasacha duasmhora Duibh  
Dhíorma go maithibh a mhuintir[e], <sup>g</sup>⁊ aicme<sup>1</sup>  
Dhuibh Dhā Bhfuirionn bhuan-tioghluichacha<sup>2</sup>  
gona muinntir,<sup>g</sup> ⁊ Goll Gulponn<sup>h</sup> ⁊ Cas Cuailcne

<sup>a</sup> in tan ba huirlamh ionchaite.

<sup>b</sup> dá caithiomh. <sup>c-cx.</sup> x. x.

<sup>d-d</sup> Osgar anghlonnach mac Oisín.

<sup>e</sup> .ui.

<sup>f</sup> meic árrachtach uaineamhnuin.

<sup>g-g</sup> ⁊ clanna Smóil cona muintire ⁊ aicme bheōdha  
huan-thíodhluichthach Dā Bhfoirinn cona muintire.

<sup>h</sup> Goll gonach gníomh-éachtach Gulban.

<sup>1</sup> ls. aicmhe. <sup>2</sup> sic.



Ed. xxxiv 13b.

7 maithe na Fēinne Ultaighe maraon riū, <sup>a</sup>7 an  
 Chorr chos-luath *chēad-ghonach*,<sup>a</sup> .i. rí-fhēinne  
 Fhian Chonnacht, 7 <sup>b</sup>Oillan ádhmhar<sup>1</sup> mac na  
 Corra cos-luaithe<sup>b</sup> go maithibh a mhuintir[e]  
 maraon ris, 7 rígh-fhéinnuidh<sup>2</sup> Fhian Laighean  
 7 a *sh(é)* meic, .i. Conn 7 Dond 7 Aodh 7 Mongān  
 7 Fear Taithchēim<sup>c</sup> 7 Fear Taoi 7 maithe a muinn-  
 tire maraon riú, 7 Iubhar ard-ēachtach 7 Criomh-  
 thann<sup>3</sup> coscarrthach, .i. dā mhac rígh Laighean,  
 7 ba daltadh[a] d'Fhionn iad, 7 t̄anactar do *chum*  
 na fleithe sin go maithibh a muinntir[e] maraon riú,  
 7 dā mhac rígh Alban <sup>d</sup>gona mbuighneachuibh<sup>4</sup> <sup>13b.</sup>  
 7 <go> [.....]on mōr-thionōl maille friū,<sup>d</sup> 7  
 Coirioll coscorrach<sup>e</sup> creucht-iomdha ō Corrbhrōin  
 gona *thríochaid*<sup>f</sup> Albanach, 7 dronga diana  
 diomasacha do-eadaráin do mhic ríogha ro-  
 uaisle<sup>g</sup> an domhuin<sup>5</sup> maille riú, 7 Fiann Éirionn  
 uile ar-cheana.

<sup>b</sup>Do shuighaidhiogh Fionn flath-fhēinnuidhe  
<sup>6</sup>in' fhochla fēinnaidh<sup>h</sup> na bruighne<sup>6</sup> 7 maithe

<sup>a.a</sup> 7 in Choir chos-luath *cēd-ghuinach*.

<sup>b.b</sup> *Iollan ádhbhur mac na Cor chos-luaithe*.

<sup>c</sup> *Fear Tamhthan*.

<sup>d.d</sup> gon[a] mbuighneachaibh 7 gona mōr-shluaghuibh  
 maraon riū.

<sup>e</sup> *cosgarach*. <sup>f</sup> *thri .L.*

<sup>g</sup> do mhacuibh ríogh 7 ro-fhlaithe in domhan.

<sup>h.h</sup> Do shuighe Fionn flaithe-fēinidh ina shuighe ríogha.

<sup>1</sup> ls. *adhmar*.

<sup>2</sup> ls. *righ fhiann feinnuidh* le puncta delentia fé *fhiann*.

<sup>3</sup> ls. 7 *t criomhtann* le puncta delentia fé an *t*.

<sup>4</sup> ls. *gona ambuighneachuibh*.

<sup>5</sup> ls. *domhúin*.

<sup>6-6</sup> Dul na cainte mar seo sa dá ls.

clanna Trēnmhōir ina thimchioll <sup>a</sup>γ do shuigh Goll gnīomh-ēachtach mac Morna isin<sup>1</sup> fhochlagadh fhēinnidh<sup>a</sup> aroife γ meic Mhorna ina<sup>2</sup> uirthiomchioll <sup>b</sup>γ do shuighidhigh gach aon aca ina n-ionadhaibh cinnte comh-aosa<sup>b</sup> bhudhghēin mar bhudh gnāth leō ann gach aimsir roimhe sin.

Is ann sin do ēirigh feadhmanntuigh go fīor-ēasgaidhe re freastal γ re frighōladh na sluagh γ na sochaidhe, <sup>c</sup>γ cuirn chlocha-bhuadhach[a] chaomhadha leō go ngeimamhlaibh gnaoiamhla gloinidhe γ go ceartacht chaomh chruth<sup>3</sup>-niamhdha for gach leastar<sup>c</sup> loinnearrdha lān-āluinn dhōibh, γ do dhāiliotar deocha diana dīomsacha dona deagh-laochaibh γ biadha núath neamhearsaidhe dona fēinneadhaibh go foistinach fīor-aibēil.

Ro ēirigh iaramh<sup>4</sup> iar sin glōr γ greadhan 'na ngiollannrigh, mire<sup>5</sup>[γ] meanma ann[a] mīleadhuibh, luaimneach[t] γ lān-chaintighe ina laochaibh, míne γ macāntacht ann[a] mnāibh, fos γ faighide ann[a] sluaghuibh.

<sup>a-a</sup> γ do shuigh Goll gonnach gnīomh-ēchtach san fhochla fhēinidh.

<sup>b-b</sup> γ shuigh gach aon āibh ina n-ionadh cinte comhaos[a].

<sup>c-c</sup> γ cuirn chloch-bhuadhacha cumhduigh go ngeamuibh glē-āille gloine γ geardacht caoimh iomdha for gach leasdar.

<sup>1</sup> isin a.                      <sup>2</sup> ls. iná.

<sup>3</sup> ls. cruth le nod i gcóir m ós cionn an u γ puncta delentia fé.

<sup>4</sup> An siolla iar sa bhfocal so q é sa ls. le líne tríd (= ar) agus i beag ós a chionn : air is gnáth-bhrí don nod so.

<sup>5</sup> ls. míre.

Ed. xxxiv, 14a.

<sup>a</sup>Is ann sin ro *ēirigh* bollsuire go bidh-urrlamh oca in tan sin—*fear* coisge cainte 7 cruadhāla na bruighne—7 do chroth *slabhruidh ēsteachta* dhōibh 7 do *ēist*[ead]ar cāch go taoith tostach fris as [a] haithle.<sup>a</sup>

Is ann sin do *ēirigh* Fearghus Fionnbhēil, .i. file na Fēnne 7 do *ghabh* duain 7 dreuchta 7 deagh-dhāna a *bhfiaghnúise mheic* Cumhaill 7 ro dhīol Fionn, <sup>14a.</sup> Oscar, 7 Oisīn, 7 Mac Lug[hach] in file go fīor-aibēil *b'd'uaislibh* gacha mhaoine<sup>1</sup> 7 gacha maitheasa<sup>b</sup>; 7 do-*chuaidh* an file a *bhfiaghnúise* clanna Morna iar sin, 7 *aduphuirt* sē bruighne 7 toghla 7 tochmharca, duana 7 dreuchta 7 deagh-dhāna <sup>2</sup>a sean 7 a sinnsear dáibh, gurbho subhach so-mheanmnach<sup>2</sup> meic Mhorna *ō* na *healadh*nachaibh sin.

Is ann sin ro fhiarfuidhe Goll: “Cā hionadh ann sūd a *bhfuil* an *bhadhbha bhonn*-luath, inghean Cholla *chraois-fhiaclaigh*, m'*eachlach fé*[i]n ?<sup>3</sup>”

“Atū sunn, a *rīgh-fhēinnidh*,” ar sí.<sup>c</sup>

<sup>a-a</sup> *Is ansin ro-ēirgheadar dream do lucht feadhma na bruighne 7 do chroitheadar slabhraidh shoinamhla shāir-iaruin do chosg moghadh 7 moghladarin na bruighne 7 do chroitheadar slabhraidh shēimhe shinte shen-airgiod do chosg rīogh 7 ro-fhlaithe na bruighne.*

<sup>b-b</sup> *d'uaslibh gach maoin 7 gacha maithios.*

<sup>c-c</sup> *Do ghabh a dhuan 7 dheagh-dhāna a shean 7 a shinsiv dhō, 7 do ēirigh meanmna 7 mōr-aigheadh meic Mhorna ō na healadhna sin, 7 as eadh adubhairt: “Cā hionadh a bhfuil an bhadhbha bhon-luatha leabhar-chosach ?” “Sun a rī-fhēinidh,” ar sē, 7 ro ēirghigh go prap prīm-ēsguidh.*

<sup>1</sup> sic.

<sup>2-2</sup> Is. a séan 7 a sínsenara daibh gur bo subhach so meannach.

<sup>3</sup> Is. atu fén le *puncta delentia fé* atu.

“ In dtugu[i]s mo chíos láimhe ó Lochlannuibh leat ? ” ar Goll.

“ Tugus,” ar sí, ⁊ is amhlaidh adubhuirt ⁊ ro éirigh go prap<sup>1</sup> príomh-urrlamh <sup>a</sup>⁊ do léig mar thoirt muic[e] mōir-ádhbhuil[e],<sup>a</sup> nō mar eire<sup>2</sup> laoich lān-chalma d’ōr āluinn aith-leatha ar lār a bhfiaghuise Ghuill. <sup>b</sup>Agus do sgaoil Goll don cumhdach do bhī fán ōr, ⁊ do léig na seōid shomhaiseacha shíodhamhla<sup>3</sup> sin ris a bhfiaghuise na bruighne,<sup>b</sup> ⁊ do dhíol sē Fearghus go fíoraibéil mar fa leōr lais ; ⁊ nī roibhe file fáthach focal-ghēar, nō deagh-fhear duasmhor dāna, nō cruitir[e] caoin-teudach ceōil-bhinn, nō seanchaoi saor suath-fhoclach, nō én-nduine dā roibhe isin mbaile re healadhuin, d’Éirinn nō d’Albuin, <sup>c</sup>nār dhíol Goll go grod-urrlamh d’uaislibh gach mhaoine ⁊ gach maitheasa mar bhudh toil re gach én-nduine díoph<sup>c</sup> ; ⁊ nī roibhe iaramh mac rīgh nō ro-uasail a mbruighin na hEalmhun an tan sin nach ttug Goll comaoine ōir ⁊ airgid ⁊ iolmhaone dhō.

<sup>a-a</sup> ⁊ ro léig mar thoirth eich mōr.

<sup>b-b</sup> ⁊ ro sgaoil an cumhdach comhdhaingeann do bhī ag cumhdach an ōir, ⁊ ro léig na seōid saora so-mhaiseach-ea sin ar uirlār na bruighne.

<sup>c-c</sup> nār dhíol Goll go grod-uirlamh mar bu thoil le gach aon-fhear díobh féin.

<sup>1</sup> ls. *praarp*.

<sup>2</sup> ls. *éire*.

<sup>3</sup> ls. *thshomhaisacha tshiodhamhla*.

Ed. xxxiv, 14b.

Is ann sin adubhuirt Fionn go feargach fíor-aibéil: “A Ghuill,” ar sē, “cā fada atā an cíos <sup>14b.</sup> ar Lochlanna agad? Óir do shaoileas-[s]a nār dhual duit-sæ cíos do bheith ar Lochlannaibh<sup>a</sup> agad, 7 go bhfuil mo chíos fēin forrugh, 7 fós <sup>b</sup>go bhfuil rīgh-fhēindidh agam ar Lochlannaibh<sup>b</sup> ag<sup>1</sup> comheud mo chiosa 7 mo chāna a bhfiannuibh 7 a bhfiann-choscar, .i. Ciarān Lagharna; 7 is trēn-fhear <sup>c</sup>tailc trom anghnīothach<sup>2c</sup> an fíor-laoch sin, 7 atā deith [g]cēad laoch lāidir lān-chalma for a theaghlach.<sup>3</sup>”

Freagrú an gnāth-fhēinnuidh, .i. Goll, do mhac Cumhaill uair do thuig go roibhe fearg 7 formad ag Fionn fris, 7 is eadh adubhuirt: “Is é fad atā an cíos úd agam-sa ar Lochlannaibh ón uair do chuir h’athir-se cogadh 7 connsgleō orum-sa, 7 do chuir <sup>d</sup>rīgh Éireann re Cumhall mac Treunmhōir am aghuidh-se gona chōigidhæchaibh,<sup>d</sup> 7 dob ēigin damh-sa Éire d’fhāgbhāil dōibh; 7 do chuadhús go críochuibh Breatan, 7 do mharbhus rīgh Breatan gona mhacuibh, 7 <sup>e</sup>chuirus ár 7 iolach a mhuintire,<sup>e</sup> 7 do ghabhus ceannus 7

<sup>a</sup> Lochlan.<sup>b-b</sup> go bhfuilid dā rīogh-fhēinidh a Lochlann agam.<sup>c-e</sup> tailc talchuir.<sup>d-d</sup> rī Éirionn gona cathaibh 7 Cumhuill am aghi-si.<sup>e-e</sup> do chuirus ár ar a mhuintir.<sup>1</sup> Is. agh.<sup>2</sup> = ainghníomhach?<sup>3</sup> Is. a l- le *puncta delentia* futha roimis na focail ateaghlach.

comus na críthe sin ; 7 do chuir Cumhall asa<sup>1a</sup> sin mē, 7 do-chuadhus go Fionn-Lochlainn iar sin, 7 <sup>b</sup>do thuid<sup>b</sup> rīgh Lochlann leam, 7 do chuirus ár <sup>e</sup>a mhuintir[e]<sup>c</sup> ; 7 do chuir Comhall asa grích sin mē. Ro ghabhus Alba 7 do mharbhus <sup>d</sup>an rīgh gon[a] mhaithibh úile<sup>d</sup> ; 7 do chuir Cumhall <sup>e</sup>asa sin<sup>e</sup> mé. Ro ghabhus Saxan iar sin ; <sup>f</sup>7 niar fhluing<sup>f</sup> Cumhall isin grích sin mē ; 7 do-chuadhas <sup>g</sup>asa sin<sup>g</sup> isan bhFraing, 7 do mharbhus rī Frang 7 mōrān dia theaghlach ; <sup>h</sup>7 <sup>2</sup>do athchuir 7 do ionnarb<sup>2</sup> Cumhall as an grích sin mē<sup>h</sup> ; 7 do chuireas na ceithre<sup>3</sup> treabha Lochlannach' fā mo smacht 7 cathuir na Beirbhfe ; 7 nīr lean Cumhall annsa grích sin mē. Agus as sī sin an chēad uair fuair mē cīos ar Lochlannaibh<sup>i</sup>.

“Agus tāngus iariomh re teachtuibh Cuinn Chéad-chathaigh<sup>4</sup> do chum chatha Cnuca a

<sup>a</sup> asa.

<sup>b.b</sup> do thuit.

<sup>c.c</sup> ar a mhuintear.

<sup>d.d</sup> in rī go maithuibh a mhuintire.

<sup>e.e</sup> as sin.

<sup>f.f</sup> 7 nīor fhuilnadh.

<sup>g.g</sup> sic an dá ls.

<sup>h.h</sup> 7 do chuir Cumhall asa sin mē.

<sup>i</sup> ar Lochlainn.

<sup>1</sup> ls. asá.

<sup>2-2</sup> ls. do achur 7 do ionnarbús.

<sup>3</sup> ls. ceithré.

<sup>4</sup> ls. .c. ath cathaigh (puncta delentia fé bhun an chéad ath).

Ed. xxxiv, 15a.

n-aghuidh Chumhuill ⁊ do thuit Cumhall leam isan gcath sin ; ⁊ is<sup>1</sup> sí sin an uair eile fuarus cíos ar Lochlannachuibh ⁊ an uair<sup>2</sup> do-chuaidh tusa, a mheic Cumhaill, *sē fir dhēag*, go dūinadh<sup>15a</sup> rī Lochlann, ⁊ tug bean rīgh *Lochlann* grādh dīochra do-fhulaing dheit-se, ⁊ tusa do ghabhail trīt sin gon do *shē* fearuibh deug, ⁊ do *bheith* a lāimh a gcarcuir *thalamhun* re bliaghuin ⁊ lā cinnte oca do *chum* bāis d'imirt ort ; ⁊ dar do lāimh-se,<sup>3</sup> 'mheic Chumhuill, do-chuadhus féin<sup>4</sup> ad diaigh-si<sup>1</sup> a Lochlannuibh, ⁊ do *mharbhus* Eōghan Mōr, ard-rīgh Lochlann, ⁊ do *chuirus* ár a *mhuinntire*,<sup>a</sup> ⁊ do dhīochrus ⁊ d'airgius cathuir na *Beirbthe*,<sup>a</sup> ⁊ do *bheanus* [a] hór ⁊ [a] hairgead *aiste*, ⁊ tugas tusa as an gcarcuir choimhéuda a rabhuis gon do *chūig* fearaibh deug, ⁊ do fhāgus féin rīgh ar *Lochlainn* an tan sin," ar *Goll*, " <sup>b</sup>Tinne trēn mac Triosguil<sup>b</sup> ; ⁊ tugus tusa slān a nĒirinn gon do *chūig* fearaibh *dhēag*. Agus as sí sin an dara huair do naiscíos cíos damh féin<sup>5c</sup> ar Lochlannachaibh ; ⁊ is *mar* sin fuairius féin an cíos ūd<sup>d</sup> do-chonnuirc [tú]<sup>d</sup> ;" ⁊ adubhuirt iarumh *Goll* : " a *Fhinn*," ar sé, " nī cíos lāimhe atā

<sup>a-a</sup> ⁊ do ionorrbus ⁊ do airgus cathair na *Beirbhe*.

<sup>b-b</sup> *Tinne trēn mac Iorcuill*.

<sup>c</sup> *pfein*.

<sup>d-d</sup> Níl na focail seo sa ls. seo.

<sup>1</sup> ls. *ís*.

<sup>2</sup> ls. *an nuair*.

<sup>3</sup> ls. *laimhsé*.

<sup>4-4</sup> ls. *adiaighst*.

<sup>5</sup> ls. *fpein*.

agad-sa ar Lachlannaibh<sup>a</sup> bacht rí-fhéinnidhacht<sup>1</sup>  
 7 maoir chomheude uaid orrtha, 7 nī mhillefead-sa  
 sin umad<sup>b</sup>, a Fhinn,” ar sé; “ 7 nā bī ag tnūth  
 leum fān gcīos ūd,” ar Goll, “ uair dā bhfaghuinn  
 ní budh<sup>2</sup> mō nā sūd do mhaitheas, is dod  
 mhuintir-se 7 d’fhearaibh Éireonn do-bhēruinn  
 hé.”

15b. Agus adubhuirt Fionn go feargach foirniata  
 fraoch-nimhneach: “ A Ghuill,” ar sé, “ ro  
 adaimh tusa aní sin, .i. go ttāngu[i]s<sup>c</sup> ō chathuir  
 na Beirbhte do chum catha Cnoca 7 gur  
 mharbhu[i]s<sup>d</sup> m’athair-se ann. Is dāna duit-se<sup>3</sup>  
 sin d’admhāil damh-sa, a Ghuill,” ar Fionn.

Adubhairt Goll go feargach fīor-nimhneach ag  
 feuchuin<sup>4</sup> for Fhionn: “ nī mise do mharbh  
 Cumhall,” ar sé, “ 7 ciodh headh, is mé do sgoilt  
 a chroidhe gan coicill, 7 do chuir sgian trīd, e7  
 do sgar ’anam fris<sup>e</sup>, ōir do thuill sé fēin bās  
 d’fhaghuil trēna uabhar 7 trēna eugóir; 7 is í  
 breath an dlighidh fear ainn-dlighidh do mhalairt  
 7 do mharbhadh go mī-thrōcuireach. Agus nī  
 mise do mharbh Cumhall acht a mhī-ghníomharrtha

<sup>a</sup> Lochlainn.

<sup>b</sup> <sup>b</sup> “ ach rī-fhēinidhacht 7 maoir choimhēda uaim-si  
 uire, ’Fhinn,” ar Goll, “ atā rīgh-fhēinnacht uirthe 7 nī  
 mhilfead-sa sin umad.”

<sup>c</sup> go tānaguis.

<sup>d</sup> gur mharbhuis.

<sup>e</sup> <sup>e</sup> 7 do sgar ’anam rena chorp.

<sup>1</sup> ls. ri a fheinnidhacht.

<sup>2</sup> ls. 2 nī budh (puncta delentia fén 2).

<sup>3</sup> ls. duit sé.

<sup>4</sup> ls. feuchúin.



Ed. xxxiv, 16a.

féin ; ⁊ ciodh *eadh*, *dā bhfaghuinn* é fōs nís *taosga*<sup>1</sup> *nō mar* do fuarus do *bhainfainn* 'anam as *mar* do *bhainius* *fā dheōigh* ; *ōir* tugus iarrtha mionca fair isna *cathaibh* a rabhus ina *adhaigh*, ⁊ nī *rāinic* chugam seach inneall Bomainne *baineachlaighe* ⁊ *Criomhthuin choscarraigh* uí *Bhaoisgne* ⁊ *uaisle chlanna Trēnmhōir* ; ⁊ nī *rāngus* do *chum* a *chumhachta* do *bhreith* fair go soiche cath Cnuca ⁊ do *dhīoghilus m'anachuinn* air ann. Agus dar<sup>2</sup> do *lāimh-si*, a *3rí-fhlaith*,<sup>3</sup> a Fhinn," ar Goll, " *dā ttugthá-sa*<sup>4</sup> *easonóir damh-sa fā mar* do thug Comhall do *dhīoghluinn*<sup>5</sup> ort é."

Adubhuirt Fionn : " A *Ghuill*," ar sé, " do budh maith m'acfuinn-se ar gan sin do leigean leat ; *ōir atā cēad fēinnuidh fearamhuil fīor-threun* ar mo *theaghlach-sa* <sup>b</sup>a *n-aghaidh* <sup>6</sup>*gach* <sup>16a.</sup> *aon-fhir*<sup>6</sup> *dā bhfuil* do *theaghlach* agad.<sup>b</sup>"

Adubhuirt Goll : " do bhí h' athir-se<sup>7</sup> *mar* sin," ar sé, " *fós* ⁊ do *dhīoghilus m'anachuinn* fair ⁊ do-

<sup>a</sup> ⁊ nī *rāinic sē a n-ionnadh coine dhamh sna cathaibh ach uaisle chlanna Baoisgne ag teagmhāil ríom nō go ttānic mē chuige go cath Cnoc, ⁊ do mharbhus gach aon air a rugus *dā fhine* ⁊ *dā aicme risin rē sin* ; ⁊ dar do *lāimh-si* 'Fhinn *dā mbeiruin ort-sa an uair sin* do mhuirfínn *thū mar* do mharbhus Cumhall.*

<sup>b</sup> <sup>b</sup> a *n-aghaidh gach aon āū bhfuil* ar do *theaghlach*.

<sup>1</sup> ls. *ni staosgha*.

<sup>2</sup> ls. *dair*.

<sup>3-3</sup> ls. *a righ a flaith*.

<sup>4</sup> ls. *ttugtha dsa*.

<sup>5</sup> sic.

<sup>6-6</sup> ls. *gach gac don fhior*.

<sup>7</sup> ls. *hathir sé*.

dhēanuinn <sup>a</sup>an cēadna<sup>a</sup> leat-sa dā ttuillthā uaim hé.”

Is ann sin adubhuirt Cairioll mac Aonghusa mheic Chorrbrhōin<sup>1</sup> chneis-ghil í Bhaoiscne<sup>2</sup>: “ A *Ghuill*,” ar sé, “ <sup>b</sup>is iomdha fear do choisce-se<sup>3</sup> ar teaghlach *Fhinn*.”<sup>b</sup>

Adubhuirt Conān maol mac Morna: “ Luighim-se fām armuibh gaiscidh,” ar sé, “ nach roibhe *Goll* riamh, dā lughad teaghlach do bheith aige, <sup>c</sup>nach biadh<sup>4</sup> <sup>e</sup>fear ⁊ cēad fān teaghlach do choisceadh gach áon-fhear aguibh-si<sup>5</sup> do chlannuibh Baoiscne.”

“ An dīobh sin tusa, <sup>d</sup>a Chonāin chlaote chaintigh chiabh-fholtaigh? ” ar Cairioll ag éirghe.<sup>d</sup>

“ Is<sup>6</sup> dīobh go dearbh, <sup>e</sup>a Chairill chairtigh chreucht-úaine chointigh,”<sup>e</sup> ar Conán,<sup>7</sup> “ ⁊ do rachuin dā tshuighughadh ort-sa go roibhe an eugōir ag Cumhall dhūinn fēn.”

<sup>f</sup>Is ann sin adubhuirt Cairioll ag éirghe 'na sheasamh: “ Ní fada go mbídh fios ag cách<sup>8</sup> cia haguinn is caintighe<sup>f</sup>,” ar sé, ⁊ do bhuail dorn

<sup>a-a</sup> mar an gcēadna.

<sup>b-b</sup> is iomdha fear do choisigisi ⁊ do mhuintire ag Fionn.

<sup>c-c</sup> nach biodh.

<sup>d-d</sup> “ a Chonāin chaintigh mhaoill mhallachtuidh chlaote chiahholtaigh,” air Chairioll.

<sup>e-e</sup> “ a Chairioll chdir chrēcht-ingnidh,” ar Conān.

<sup>f-f</sup> ⁊ adubhairt Cairioll ag éirghe 'na sheasamh: “ Biodh fhios aguine cia haguin is cionntaighe.

<sup>1</sup> sic an dá ls.

<sup>2</sup> ls. baoiscné.

<sup>3</sup> ls. choisce sé.

<sup>4</sup> ls. biaidh.

<sup>5</sup> ls. aguibh sí.

<sup>6</sup> ls. Is anns í (puncta delentia fé na focail Is anns).

<sup>7</sup> ls. Chonan.

<sup>8</sup> ls. chach.

Ed. xxxiv, 16b.

ina eudan ar Chonān <sup>a</sup>γ do dhoird 'fhuil<sup>a</sup> go falcmh<sup>ar</sup> fīor-aibēil.

Do lonnuidh γ do lān-fheargaigh uma Chonān an tan sin γ do ēirigh ina sheasamh<sup>1</sup> γ tug ionnamhuil na heasonóra cēadna for Chairioll. Do fheargaidh Cairioll go lān-aipēil iar sin γ tug lāmh <sup>b</sup>thabaidh laochdha go lān-chalma for [a] leathan-armuiph γ for [a] ēiddeadh, γ do cheanguil a chorp ina chath-ēideadh catha, γ do-rinne Conān mar an gcēadna.<sup>b</sup> Agus tugadar sāite seangmhara sār-luatha do<sup>c</sup> shleaghuibh<sup>2</sup> slinn-ghēara sīor-neimhneach' ar [a] chēil[e], gur bhudh briste buan-reupa beōil γ bruinne na bruighne ōn mborb-<sup>16b.</sup> ngleó sin. <sup>d</sup>Agus do nochtadar [lanna] līomhtha lēdarracha leathan-mhōra go lān-urrlamh<sup>d</sup>, γ <sup>e</sup>do-rōnnsad urrlaidhe <sup>3</sup>ainmhín ainiarmartach<sup>3e</sup> re hathaidh fhada gurbho<sup>4</sup> creuchtach, cneath-ghearrtha, coirp-neimhneach na laoch ōn trēn-chomhlann sin.

<sup>a-a</sup> γ dhoirt a fhuil.

<sup>b-b</sup> tapaidh laocha ar a leathan armaibh γ ar ēideadh, γ do cheanguil go daingean uime iad γ do Chonān mar an gcēadna.

<sup>c</sup> da.

<sup>d-d</sup> γ do nochtadar na lanna līomhtha leadarthacha lonn-faobharach' d'aroile.

<sup>e-e</sup> do fhearadar gleō do-eascārdeach.

<sup>1</sup> ls. *thesamh*.

<sup>2</sup> ls. *thsleaghuibh*.

<sup>3-3</sup> ls. *áinmhíne áiniarmartach*.

<sup>4</sup> ls. *gurabhódh*.

<sup>a</sup> Is ann sin ro *ēirgheiostar* *dā mhac ādhbhara iolbhuaadhach*[a] *Oscuir mheic Oisín*, .i. *Euchtach* [7] *Iollach* a *n-anmunna*, 7 *tugadar goin* *ō gach fear dhīobh* ar *Chonān* isin *gcomhlann* sin. Arna fhaicsin sin do *dhā mhac Ghuill mheic Mhorne* 7 do *Chonaing*, do *cheangludar* a *gcolanna*<sup>a</sup> *caomha cneas-gheala*, 7 do *ghonsad* go *guasachtach dā mhac Osguir mheic Oisín* isin *aniorghuil* sin ionnus *gur chuiradear* ar *cūlamh* a *sgiath* iad.

<sup>b</sup>Niar bhfiagh<sup>b</sup> 7 niar mhaise le hOsgur 'uirisle<sup>1</sup> ro bhādar [a] *dhā mhac* 7 *Coirioll* a *bhāthair* isin *ghrod-ghleó*<sup>2</sup> sin.

Is ann sin ro *ēirigh* an *leōghan* lonn *lēidmheach lān-chalma* 7 an *dreagan* dian *dāsachtach dho-fhulaing*, .i. *Oscar ādhbhur anghlonnach mac Oisín* 7 do *chuir* *cumhdach caomh cadad-chruaidh*<sup>3</sup> *iaruinn umá*<sup>4</sup> *chorp*, 7 do *chuir* a *sgiath mhōr mhī*(l)eada *fóna*<sup>5</sup> *mhuineul*, 7 do-chuaidh go *reachtmhar* ro-aiganntach isin *gcomhlann fōn* ionnus sin do *chobhair*<sup>6c</sup> a *chloinne* 7 *Choirill mhic Chorrbhōin* a *bhrāthar*, 7 do ghabh *sē ord urrlaidhe* ann *gach lāimh dhō*, 7 do ghabh do

<sup>a.a</sup> *Is ansin ro ēirigh dā mhac ēcht-bheōdha Osguir*, .i. *Ēchtach* 7 *Ulach*, 7 *do-roinneadar lēibhiona daingne dlūthe doch-sgaolte dā sgiathaibh sgiamh-leanthan sgainnir-ionmdha 'na ttiomchioll*, 7 *atugadar āluidhe dhoimhne do-leighas ar Conān*, 7 *iarna fhaicsin sin do dhā mhac Ghuill mheic Mhorna*, .i. *Conn* 7 *Conān*, do *cheangludar* a *colla*.

<sup>b.b</sup> *nīor mhiadh.*

<sup>c</sup> *d'fhōiridhin.*

<sup>1</sup> *ls. uirislé.*

<sup>2</sup> *ls. gcród-gleo.*

<sup>3</sup> *ls. chadad-chruaidh.*

<sup>4</sup> *ls. áma.*

<sup>5</sup> *ls. fon an.*

<sup>6</sup> *ls. do gobhair.*

Ed. xxxiv, 17a.

bhēidhmannuibh borb-neartmhura baoth-urrlamh' for Conān ⁊ for cloinn Ghuill isin ngrot-ghleó sin.

Is ann sin adubhuirt Conān: "A Oscuir," ar sē, "do-bheiriom a bhuidhe <sup>a</sup>reum dheubhaibh<sup>a</sup> do rochtain chugam isin gcomhlann so, <sup>b</sup>uair snaoithfeud<sup>b</sup> snāithe do shaoghail<sup>1</sup> an tan sa." 17a.

Is ann sin do<sup>2</sup> *chomhraic* *Oscuir* ⁊ *Conān* re chēile; ⁊ do bodh neartmhar neamhthlāith nembneach naimhdeamhuil niadh-mhiscneach<sup>3</sup> an comhlann lān sin, ⁊ do bhean *Oscar* <sup>4</sup>*cosnadh eugcomhlainn as<sup>4</sup> c* *Chonān* fā *gheōigh<sup>5</sup>*; ⁊ do fheuch *Conān* ar *Art* *ōg mac<sup>6</sup> Morna*; ⁊ nīr fuiluingeadh sir le h*Art* *óg*, uair do éirigh go healamh úrmhaisneach, ⁊ do-chuaidh ina *ēideadh* gan fhuirach, ⁊ do gonadh *Os[car]* go nimhneach neart-chalma ré h*Art*; ⁊ nīor fulaingeadh sin le h*Oisín* *fearamhuil fīor-ārrachtach mac Finn*, uair do ghabh airm ⁊ *ēideadh* chatha chuige, ⁊ do-chuaidh isin n-iorghuil gan fhuirach, ⁊ tug guin *ghuasachtach dho-fhulaing* ar *Art* *ōg mac Morna*.

<sup>a-a</sup> *ris na diebha.*

<sup>b-b</sup> *ōir snīmheōbbhad.* X

<sup>c-c</sup> *osna ēgcomhlainn as.*

<sup>1</sup> *ls. tshaoghail.*

<sup>2</sup> *ls. adubhuirt Conan do (puncta delentia fé na focail adubhuirt Conan).*

<sup>3</sup> *ls. mhiiscneach le punnc scriosta roimis an gcéad i.*

<sup>4-4</sup> *ls. ósnadh eug gcomlann ds.*

X <sup>5</sup> *ls. fa dgeoigh (punctum delens fé n d).*

<sup>6</sup> *ls. mach.*

Do éirigh iaramh Garadh garbh-fholtach mac Morna ⁊ do *chuir* imdhídean árrachtach<sup>1</sup> iarnaidh uime ⁊ do ghluais don ruathar sin.<sup>a</sup> Is ann sin ro éirigh Faolán mac Finn gon[a] *thrí chēad laoch láidir lán-chalma maráon ris,*<sup>2</sup> ⁊ do-*chuaidh* isin gcomhlann sin, ⁊ do *bhean* sé mic Mhorna dā n-áite ⁊ dā n-ionadh, ⁊ do *chuir* ar cūlamh Guill iad.

Is ann sin do éirigh an mílidh mear-chalma mōr-aigeantach, ⁊ an trēn-*fhear* trom-ghníomhach teugbhāla,<sup>b</sup> ⁊ an *curaidh* cliste coimh-dhíochra, .i. <sup>c</sup>Goll grāineamhuil gasta gníomh-ēachtach mac Morna, ⁊ do *chuir* a threallamh<sup>3</sup> taitneamhnach comh-dhaingean<sup>4</sup> troda ⁊ teugbhāla uime, .i. seaca sēimh suaithni solusmhor snáith-ríghin<sup>5</sup> sróil, go

17b.

<sup>a</sup> ⁊ do éirigh Mac Ludhach go lán-aibēil ⁊ do *chuir cumhdach daingean do-bhrisde umā chaomh-chorp*, ⁊ do ghonadh Garadh garbh-fholtach leis, ⁊ tug Garadh garbh-fholtach gona mōr' ar Mac Ludhach, ⁊ do éirigh Garadh ūr leathan mac Morna ⁊ do ghonadh Mac Ludhach leis : an méid seo do bhreis ag ls. xxxvi ar ls. xxxiv.

<sup>b</sup> *teagmhālach.*

<sup>c</sup>.i. Goll greanmhar gníomh-ēchtach mear-chalma buan-thiodhlacach mac Morna, ⁊ do *chuir* a threalamh chatha uime, .i. lūireach lán-mhōr Lochlannach ⁊ sgabal sgoith-bhreaca sgothamladh umā mhuinēl, ⁊ cotūn craobh-ōrdha coimh-dhaingean fāna cheann ⁊ fāna chneas, ⁊ claidhiomh clais-leathan coilg-dhīrach ⁊ ē sāiv-dhaingheann so-bhuailte 'na lāimh dhata d'ōir ingneadh [sic] go deas uirlamh, ⁊ ro ghabh a sgiath.

<sup>1</sup> ls. *arruachtach* (nó *arruachtarach*, mar tá nod do-léigh-te ós cionn an t).

<sup>2</sup> ls. *ris*.

<sup>3</sup> ls. *treabhlamh*.

<sup>4</sup> ls. *comh daingean*.

<sup>5</sup> ls. *snaith rightn*.

Ed. xxxiv, 17b.

gcnaipidhibh dísle dlúithe <d>eilithe dearg-óir ⁊ go  
 sduaghuibh sēimhge síth-ríghne síth-fhoda síoda  
 re hiadh<sup>1</sup> ⁊ re hoslagadh<sup>1</sup> an óir-tsheaca sin, ⁊  
 lúireach dhlúith-dhrolach dhualach dheagh-fhithe  
 dhearrsgaighthe<sup>2</sup> d'úir-iarionn athleatha arna  
 leaghadh ⁊ arna hathleaghadh seacht n-uaire <sup>3</sup>for  
 hais<sup>3</sup> ar uachtar an ch[a]oimh-tsheaca sin, ⁊ cotūn  
 craobh-dhearg codad-gheal brághad-sgiamhdha<sup>4</sup>  
 sgothamhail<sup>5</sup> sgoth-bhreaghdha umā mhuinēl, ⁊  
 cinn-bhird chaomh chloch mbuaghach umā cheann,  
 ⁊ cloidheamh dírach slinn-ghēar sār-chruaidh ina  
 lāimh dhíraidh dheis. Agus ro ghlac a sgiath<sup>c</sup>  
 mhōr mhílata mhear-chalma, ⁊ ro ghabh iris a  
 sgēithe fān[a] mhuineul. Agus do éirigh go ro-  
 reachtmhur ro-aigeantach, ⁊ do-chuaidh go dāna  
 dāsachtach dísgir do-fhostoigh fān mbruighin, ⁊  
 nīor fhāguibh tāpurach taitneamhach trom-  
 laisrach<sup>6</sup> inā lōchrann loinnarrdha lān-tsolus isin  
 mbruighin gan mūchadh go mīlannta mear-chalma,  
<sup>a</sup>⁊ fōs tāinic fhén tar ais<sup>7</sup> gan fhuilughadh gan  
 fhorrdeargadh fair.

<sup>a</sup> ⁊ fōs nīor fhāg coinleōir gan bhlaghadh gan bhuan-  
 rēbadh nō crann gan mhionughadh san mōr-bhruighin  
 sin, ⁊ tāinic sē gan fuilioghadh : an méid seo ag ls. xxxvi  
 de bhreis ar ls. xxxiv.

<sup>1</sup> ls. hósclaghadh.<sup>2</sup> ls. gearrsgaoi.<sup>3,3</sup> sic.<sup>4</sup> ls. bragad-sgiomdha.<sup>5</sup> ls. sgothamhla.<sup>6</sup> ls. laisrach (*punctum delens fén tarna l*).<sup>7</sup> ls. tar ais.

Is ann sin do ghoir *Fionn* a chaismeart *chatha*  
<sup>1</sup>in tan sin sgal-chuille<sup>a1</sup> go gāibhteach<sup>b</sup>, ⁊  
 dubhairt re Fianuibh Éirionn meic *Mhorna* do  
 leadradh ⁊ do lán-mharbhadh. Do éirighdar  
 iaramh <sup>c</sup>Fiana fíochmhura fearamhla fraoch-  
 neimhnacha forniata Finn<sup>c</sup> go fíor-aibéil, ⁊ do-  
 rinnatar léibheanna dlúithe daingne do-sgaoilte  
 dā sgiathuibh ina timchioll. Is ann sin do éirigh  
 meic *Mhorna* mar an gcéadna isin mborb-ghleō  
 sin, ⁊ do-rinn[atar léibheanna]<sup>2</sup> daingean díoganta  
 do-sgaoilta dā sgiathaibh ina [t]i[mchioll], ⁊ do  
 éirigh *Goll* go glé-neartmhur <sup>da</sup> dtosach<sup>3</sup> na  
 treun-fhear is[i]n bualadh<sup>d</sup> ⁊ do ghabhadar ag  
 cnámh-ghearradh a chéil[e] gan choigill n(ó) go  
 udearna *Goll* sgiath daingean de féin ar sgáth a  
 mhuintire ⁊ a bhráithreach go nár lamhadh iad  
 thairis.<sup>4</sup>

Ciodh tráchta, is ann sin fa treise na treun-  
 bhuilleadha, ⁊ fa sea[dh]mhuir<sup>e</sup> an sār-bhualadh,  
 ⁊ fa sēitrighe na sār-laoi(ch), ⁊ fa mire na<sup>5</sup> trēn-  
 mhílidh, ⁊ fa creuchtmaire na colla, ⁊ f[a]

<sup>a</sup> *sgallcaille.*

<sup>b</sup> *congáireach.*

<sup>c,c</sup> *Fian foirniata fíochmhara fíor-neartmhar.*

<sup>d,d</sup> *a dtosach na trēin-fhear san teagmháil sin.*

<sup>e</sup> Níl an focal so i ls. xxxvi.

<sup>1,1</sup> sic.

<sup>2</sup> Na siollaí idir shlabhraibh atá do-léigte i ls. xxxiv,  
 ó ls. xxxvi a cuireadh isteach iad: *léibheanna recte*  
*léibheann?*

<sup>3</sup> ls. *atdosach.*

<sup>4</sup> ls. *thairís.*

<sup>5</sup> ls. ⁊ *na.*



Ed. xxxiv, 18a.

guasachtaidhe na gaisceadhuidh ; ⁊ dob iomdha, immurro, fuil ag sileadh 'na srophuibh re sliosaihbh saor-chlann,<sup>1</sup> ⁊ cneadha doimhne<sup>2</sup> do-leighis for na drong-bhuidhnihbh ōn mborb-ngleó sin. <sup>a</sup>Is mairg, amurra, do dhuine anbhfann<sup>3</sup> áosda, nō do mhnaoi mhíolla mheur-leabhuir, nō do mhacāmh builidhi binn-bhriathrach, do bhíodh a mBruighin na hEalmhun an oidhche sin ré gārraibh greadhan-mhōr' gāibheacha na gasraidhe isin ghrod-ghleó<sup>4</sup> sin, ⁊ fōs dob iomdha osnachadh ōg ⁊ ard-usal agā n-urrleach ⁊ agā n-athchuma<sup>5</sup> isin mbruighin [an] tan sin.<sup>a</sup>

Ro ghabhadar, imorra, ar an treun-tuargain sin ó thosach na hoidhche adhfhuaire imflithe bgo hēirghe don ghrēin as a crunn-pho(b)all teintighe ós dreith na talmhun trom-fhōidighe iarna mhār(ach),<sup>b</sup> ag cneath-ghearradh a chēile gan choigill.

<sup>a-a</sup> ⁊ is mairg mnā nō mion-daoine nō macaomh builidh baath-bhriarach nō seanōir aosda anārrachtach do theagmhadh eatorra a mbruighin na hAlmhuin an aoidhche sin ; ⁊ is truadh do bhī an bhruighin sin fān am sin ō ghēr-ghonnuibh grāineamhla gaisgeadhach san ghrod-ghleó sin ⁊ le hosnadh na n-ōigfhear dā n-uirlach ⁊ dā n-athchuma.

<sup>b.b</sup> gur ēirigh grian ghlan ruiteanta a moch deaghāille na maidne muic.

<sup>1</sup> ls. raos clann.

<sup>2</sup> ls. doimhné.

<sup>3</sup> ls. an munn.

<sup>4</sup> ls. gcerod gleo

<sup>5</sup> ls. aga anathchuma.

18b. Is ann sin do ēirigh an fi[le] fāthach focal-ghēar fraochdha filada, .i. Fearghus Fionnbheoil, ⁊ aois ealadhna na Fēinne maraon ris, ⁊ do ghabhadur dāna ⁊ dreuchta ⁊ deagh-dhāna deagh-laochdhuibh,<sup>1</sup> ⁊ do sguiradar <sup>a</sup>na trēn-fhir dā n-iorghuil ⁊ dā n-iommbua[ladh le ceō]l na bhfioladh,<sup>a</sup> ⁊ do lēigadar a n-airm ar lār ⁊ do thōgadar na filidh<sup>2</sup> [n]a<sup>b</sup> hairm, <sup>c</sup>⁊ do ghabhadar gr[e]im ré sídh<sup>3</sup> a tharraing.<sup>c</sup>

Is ann sin adubhairt Fionn go feargach forrānach nach dēanadh sē sīth nō saor-chomann re clannaibh Morna nō go bhfuighadh breath Rīgh Éirionn, ⁊ Aillmhe gruadh-bhrice ingheine Chormuic mheic Airt mheic Cuinn Chēad-chathaidh, ⁊ Chairbre Lifeachair<sup>4</sup> .i. damhna Rīgh Éirionn, ⁊ Fhíthil ⁊ Fhlaithrí a mheic : <sup>5</sup> “ ⁊ <sup>d</sup>barraidhacht na breithe sin do [bheith] ag Fionntain mac Bōchna mheic Mhathasailiam uainn ar aon,<sup>d</sup>” ar Fionn.

“ <sup>e</sup>Do-bheuram-ne<sup>6</sup> breith an tseisar sin duit ar<sup>7</sup> do chionn a mbreith d’fhaghuil úaid,” ar Goll.<sup>e</sup>

Adubhuirt Fionn go d[t]iubhradh sé sin do

<sup>a-a</sup> na trēn-laoich sin dā n-uirlach ⁊ dā n-athchuma le ceōil na bhfileadhadh.

<sup>b</sup> na <sup>c-c</sup> ⁊ do ghabhadar greim gābhaidh orra.

<sup>d-d</sup> ⁊ do bhairuidheacht ar sin breath Fhionntuin mheic Bhōchna mheic Mhathasallam.

<sup>e-e</sup> Adubhairt Goll go tiobhradh sē breath an tseisir sin uadha d’Fhion do chion a mbreath d’fhaghail.

<sup>1</sup> sic.

<sup>2</sup> ls. *file*.

<sup>3</sup> ls. *tigh*.

<sup>4</sup> ls. *Lifaecair*.

<sup>5</sup> ls. ⁊ a *filhil* ⁊ *fhlaithrí meic*.

<sup>6</sup> ls. do *beurámne*.

<sup>7</sup> sic.

Ed. xxxiv, 18b.

*Gholl*, ⁊ do *chuiradar* ar aon cuir ⁊ slānta na *bhfileadh* eatarra fā anmhuin a mbun na sīthchāna, ⁊ do *ghabhadar* lā caoicise ōn lō sin ar faith[ch]e na *Teamhrach* do *chum* na breithe sin.

Agus do feuchadh iaramh uireasbhaidh na Fēinne ōn mborb-ghleō sin. Is é líon dob uireasbhaidh do mhuintir *Fhinn* an fad sin, .i. dā *chēad* deug<sup>a</sup> *eidir* fhear ⁊ mhnaoi, ⁊ dob iomdha dhíobh sin ríoghan ramhar ró-uasal, ⁊ ainnear āluinn iolchrothach, ⁊ maighdean mhíolla mheur-leabhar mhalach-dhubh, ⁊ macāmh builidh binn-bhriathrach, ⁊ laoch léidmheach lān-chalma. Agus fōs dob iomdha sūil arna saobh-dhalladh, ⁊ srōn arna siabhradh ⁊ arna daor-chuma, ⁊ <sup>b</sup>cluas arna ciorrbhadh<sup>1b</sup>, ⁊ cos arna cosguirt ⁊ arna cneath-ghearradh, ⁊ lāmha<sup>2</sup> arna leudrachadh, ⁊ taobh arna tholladh, ⁊ corp arna choscuirt ar an droing ro budh beō do mhuintir *Fhinn*.

<sup>c</sup>Agus is é dob uireasbhaidh do chlannuibh Morna an comhfhad sin aon-fher deug d'fhearuibh ⁊ caoga do mhnaibh, ⁊ nī hē marbhadh na mban do-roinnadh ach bās d'fhaghuil re heagal ⁊ re

<sup>a</sup> aon chēd dēg.<sup>b.b</sup> ceann arna chiorrbhadh.

<sup>c</sup> ⁊ as eadh do ba beō do mhuintir *Fhinn* aon fhithid dēg a d'fhearuibh ⁊ caoga ban, ⁊ nī hē marbhadh na mban do-rinnadh acht eagla dā ngabhāil san n-aoidhche iar faicsion na ccorp cciorfaighthe faon fothairsna fō chosaibh na ccuradh. Agus do chuiramhuid an mēid do bhī ionleighis díobh dā leighas, ⁊ ro hadhluicadh ar mharbhadh dhíobh.

<sup>1</sup> ls. *currmhadh*.<sup>2</sup> sic.

19a. huamhan na hoidhche ⁊ re huadhbhās na n-arm. [. . . . .] ⁊ do-leigh[is]adar gach nduine do budh ionleig[his], ⁊ do-roinne feart fada farsaing do gach én-nduine budh [marbh] dīobh.<sup>c</sup> Agus do glan- ⁊ do nuath-chōiraidhædh an deagh-árus dā ēi[s] sin ⁊ do shuigh<sup>1</sup> gach aon-fhēinnidh fearamh[uil] fīor-thrēn aca<sup>2</sup> ina n-ionadh cinnte comh[adh]ais<sup>a</sup> budhdhēin do lonnadh ⁊ do lān-chaitheamh na fleithe go fīor-aibēil.

Caoigis dāibh ar an gcōrughadh sin, ⁊ teuguid<sup>b</sup> go Teamhuir na Rīogh dā ēis sin, ⁊ do chuir Cormuc ⁊ Aillbhe ⁊ Carpre ⁊ Fīthiol ⁊ Flathrī ⁊ Fiontain 'na suighe a n-ionadh breathamhnuis, ⁊ do-chuaidh Fionn a gcionn sgeula d'innisin dāibh.

Is ann sin adubhairt Goll: "a Fhinn," ar sé, "nī duit do-bheuruinn-si innisin sgeula na cūise do bhīodh euddrum ⁊ tū, uair du-dhēantā fīrinne don bhrēig am aghaidh, ⁊ tabhrum ar aon innisin ar sgeul d'[Fh]earghus file, ⁊ luigheadh fān[a] dēaghuibh fīrinne do dhēanamh." Agus ro aontuigh Fionn aní sin; ⁊ tug Fearghus na dēagha re fīrinne an dā sgēala sin d'innisin.

Agus adubhairt Fearghus gurbh é Fionn do-  
rinne an ēagōir for Goll; "⁊ <sup>3</sup>do taighle<sup>3</sup> gach eugōra" ar Fearghus: "is é Caoirioll mac Coir-

<sup>a</sup> comhdhuis.<sup>b</sup> tiaguid.<sup>1</sup> Is. do tsuigh.<sup>2</sup> Is. áca.<sup>3.3</sup> sic.

Ed. xxxiv, 19b.

bhrōin tug tosach ar an mbruig(h)in oir do bhuaile sē dorn ina eudan ar Conān, ⁊ níor fhuilaingeadh sin re Conān oir tug ionnamhuil na heasonōra cēadna do Chaoirioll, <sup>a</sup> ⁊ tānadar dā mhac Oscuir mheic Oisín da chobhuir Choirill, ⁊ tānadar dā mhac Guill do chobhuir Chonáin, ⁊ do-chuaidh Osgar d'[fh]ōir[ith]in a chloine ⁊ do ēirgheadar clann Mhorna dā n-imdhíonn fēin, ⁊ do ēirgheadar Fia[nna] Ēirionn uile ar-cheana, ⁊ do ghabhadar ag cnāimh-ghearradh [a chéile g]an (choigill) (ó) thūs (na) hoidhche adhfhuair [go] hēirghe don [ghr](éin) as a ciorcioll teinntighe ois dreith na talmhan trom-fhōidigh (ar)na mhāiræch, ⁊ is é dob uireasbhaidh do mhuintir Fhinn fris an ré sin, .i. dā chēad deug idir fhear ⁊ mhnaoí, ⁊ dob iomdha fear ainmheach uireasbach atharrughach ar an fad sin, ⁊ fōs is<sup>1</sup> é dob uireasbuidhe do chlannuibh Morna, .i. dā fhear dheug d'fhearuibh ⁊ caoca do mhnaoibh <sup>2</sup> a. "

Adubhuint Cormuc: "Is iong[n]adh leam lughad díthe chloinne Morna ⁊ a' meud do bhī 'na n-aghaidh," ar sé.

"Is eadh fā-deura sin dāibh," ar Fearghus Fionbheul, "Goll do-chuaidh ar a sgāth ⁊ do

<sup>a.a</sup> " ⁊ nī haithreasdur sgēluidhacht orrtha," ar Fearghus Fionbhēil, "acht ro thuít siad mhuintear Fhinn le mhuintir Ghuill."

<sup>1</sup> ls. *is*.

<sup>2</sup> sic.

chonnaimh<sup>1</sup> a sgiath re Fiannuibh Ēirionn, ⁊ níor lamhadh clanda Morna do mharbhadh acht madh beagán do marbhadh re hurcharaibh díobh. Agus is iad sin sgeula na bruighne dhaoibh,” ar Fearghus file.

Agus adubhairt Flaithrī go luath-bhreathach: “Is cōir ionaclann do chlannuibh Morna,” ar sé, “ōs orrthuibh do-rinnadh tosach na bruighne.”

“Nī <c>ōir an bhreath mheic ollamhain<sup>2</sup> sin,” ar Cormac, <sup>a</sup>“ōir<sup>3</sup> dlighidh gach ōglāch <a bh>eith umhal dā thighearna.”

“Is fíor ī sin a mbān-bhualadh,” ar Flaithrī, “⁊ nī thēid urrum a ndortadh na fola.”

Adubhuirt Fīthiol: “saormuid Fionn ⁊ Fian Ēirionn gan anaclann uatha<sup>4</sup> do chlannuibh Morna ar meud uireasbaidhe Finn ⁊ meud a ttinnte fōs.”<sup>a</sup>

Adubhairt Fionntan mac Bōchna: “Is breath mheic ollamhan sin, ⁊ nī gō-bhreath,” ar sé.

<sup>a-a</sup> “ōir dlighidh gach ōglāch uiram dā thighearna; ōir nī cōir cath gan cheann, nō ríoghacht gan rī, nā ruire gan ro-fhlaitheas; ōir nī roibh dias a n-ēn-bhall riamh gan duine ba fear nō chēile díobh, ⁊ dlighthar ceanus don uasil for an īsil ⁊ nī racha ēruic as an bhuille nach buailtear,” ⁊ adubhairt Fīthil: “Saormuine clainne Baoisgne gan ēruig uadha arna hadhbharaibh sin, ōs dōibh is cōir cōir [sic] ceannus, ⁊ ōs iad is mō easbaidh, ⁊ saormuid clanna Morna gan ēruic uadha ōs ortha do-rinnadh an ēgcōir ar tūs, ⁊ dc-nímid a breath fēin na easonōra d’Fhion,” ar Goll.”

<sup>1</sup> ls. do connnaimh.

<sup>2</sup> sic.

<sup>3</sup> ls. oir gach, agus gach sgriosta le *punctum delens* roimis is 'na dhiaigh.

<sup>4</sup> ls. uathadh.

Ed. xxxiv, 19b.

Agus do mhol Cormac ⁊ Cairpre ⁊ Aillbhe an bhreath sin. Do goireadh an Fhian uile go hén-láthair ⁊ do hinnseagh an bhreath sin dáibh ⁊ do-roinnadar síth eatarra amhlaidh sin.

*Gonadh hí sin Fleagh na  
hEalbhun go n-uige sin.*

*Finis. Amen.<sup>a</sup>*

<sup>a</sup> *Finis, 29 November 1690, Caillain Caimpbēil leis in leis in leabhar sin, i. Caillain mac Donchaidh mheic Dhughil mheic Chaillain oigh.*

## BRUIGHEAN EOCHAIDH BHEIG<sup>1</sup> DHEIRG ANN SO SIOS

H. 5. 28, 39b.

Aon do lō d'Fhionn mac Cubhaill air Druim na Gaillbhe, & do ēirgheadh fiadh faiteach foluaimneach dhó a cceand gach seachtmhadh bliadhna, ⁊ do lēigthidhe coin na Féine leis, & do fhágbadh sē iad. Lā roimhe lā Samhna do iarradur Fíana Ēirionn *coinnmheadh* cinte comhchoitcheann air Fhionn in lā soin.

“A Chonáin,” air Fionn, “déna Fíana Ēirionn do *choinnmheadh* aniugh.”

“Is fada re diomdha & re heascairdeas dhūinne thusa, clanna Morna; ōir dā ndēnainn-si dearmad *coinnmhe*,” air sē, “do dhruing ēigin d'Fhianaibh Ēirionn do bheithdís air lúth m'aimh-leasa do dhēnamh ōs īsiol & ōs áird.”

“Māiseadh,” air Fionn, “cia do-ghēabham dā [c]*coinnmheadh* anois.”

“Atā 'fhios sin agam-sa,” air Conán, “.i. an fear is mó *forba* & fearann & *fineachus*, bō-tháinte & *greadhán* sguab-leabhar, ór & airgead ⁊ ionnmhus, & *chongbhus* seacht catha na Gnāthfhéine lā gacha seachtmhuin & seachtmhuin gacha mís & mídh gacha rāithche & rāithche gacha bliadhain, .i. Caoilte mac Cronnchair *mhic* Ronáin.”

<sup>1</sup> sic.



H. 5. 28, 40a.

Tugadh Caoilte chuc[a] 'mon am sin ; & locus *Caoilte a ccoinnmheadh*.

“ A Ghal Gaoithe,” air Fionn, “ déna Fíana Éirionn d'áireamh aniugh, & do-dhén-sa féin a ccoinnmheadh.”

Éirighius *Gal Gaoithe in tan sin*, & nī fhúair sē giolla con nō gadhair, nō taoiseach fēindeadh, <sup>40a.</sup> d'uireasbhaidh ortha ; ōr an én-shúil is lugha do-bheireadh *Gal Gaoithe* air sheacht cathaibh na Gnáth-fhéine do aitheōnadh sē an giolla con nō gadhair is lugha do bhiadh d'uireasbhaidh orrtha.

Acht a-cheana do-chuadar cúig fir dhéag do mhaithiph na Fēine air taoibh na tulcho fa coimhneasa dhāibh, & aig so a n-anmana : .i. triúr mac Finn mheic Cubhuill, a dhías mhac fēin, & mac a mheic ; tri meic Aon-Chearda Béarra, .i. Glas ⁊ Gēar ⁊ Gabha. Do-chuaidh ann Diarmaid dēad-sholus ō Duibhne, & Airt<sup>1</sup> mōr-bhuilleach mac<sup>2</sup> Morna, ⁊ maithe *oile* ō sin umach ; & tuccadur fithcheal Fhinn mheic Chubhaill chuca, & do ghabhadur agā fras-imirt.

*Agus* suidheas Conán aca, & adubhairt, “ An taoibh do bhaoi anund don bhliadhain do bhághus aig Fionn, & an taoibh atá anall bíad agad-sa, a Oisín,” air sē.

“ Gurb é do bheatha agam-sa,” air Oisín, “ & do-ghēabhair tuarusdal uaim-se i llāimh,” air Oisín.

<sup>1</sup> sic ls.

<sup>2</sup> ls. mor.

“ Is aithne dhuit-se gur fear dā thuilleamh sin misi,” air Conān.

Éirighighius Gal Gaoithe air árd na tulcha fa coimhneasá dhó d’fhēachin an bhfaicfeadh sē giolla con nō gadhair, nō taoiseach fēindeadh, air sgáth tuir nō tuim nō a n-ionadh uaigneach leis fēin. Agus do-chī na cūig fir dhēag sin d’Fhianaibh Ēirionn, & aig teacht do lāthair dhó beanus dorn dā chlaidheamh amach.

40b. “ Créad so dob áil leat do dhēnamh, a Ghal Gaoithe ? ” air Oisīn.

“ Dob áil liom,” air Gal Gaoithe, “ thusa do bhúain mo chinn & mo choimhēid bheatha dhīom, as an dearmad coinnmhe do-rinne mē dhíot fēin & dona ceithre fearaibh dēag sin do mhaithiph na Féine maille riot.”

“ Nī bheanfa misi do cheann díot,” air Oisīn, “ & do shaóilfinn go mbiadh um chuideachta fear bhúainte do chinn díot.”

“ Cuihē sin ? ” air Gal Gaoithe.

“ Conán mac Morna,” air Oisīn.

“ Níor bhean misi a cheand dā leithit ariamh,” air Conán “ γ ní mō bheanfus mē dhe-sion é.”

“ Créad é mo leithit ? ” air Gal.”

“ An bhfidir tú créad umā ttugadh ‘ Gal Gaoithe ’ ort ? ” air Conān.

“ Ní fhidir,” air Gal Gaoithe.

“ Ní bhfuilim-si mur sin,” air Conán : “ thusa bhíos aig ēirghe a n-airde re gáir chatha γ chruadh-

H. 5. 28, 41a.

chomhraic," air *Conān*; " & níor *bhean* mise a cheann do *ghealtán* romhad ariamh, & ní mō *bheanfus* mē dhíot-sa é."

" Ní fhuileōnga misi m'aithisiugh nō m'imdhear-gadh nisa mhó dhíbh," air *Gal Gaoithe*.

Imghighios *Gal Gaoithe* go bhfeirg mhō[i]r ⁊ go saobh-nós uatha an tan sin. Agus ní mōr go *rāinic* leis a *bhfāgbhāil* an uair do-chonncudar an *gaisgeadhach* chuca gacha ndíreach, go bhfos bhflatha ⁊ go méad míleadh ⁊ go ttlacht tighearna, & a ēadach ōs meallaibh a mháis uime, & íochtar a bhruit súas & dealg ór ann. Agus aig teacht do láthair dhó *beannuighius* do bhriatharaibh faistineacha fíor-ghlioca & freagras Oisín san ccumaoín chéadna dhó.

" As ē ádhbhur ttucc<sup>1</sup> mē fēin ann so, a mheic Fhinn mheic *Cubhaill*," air an *gaisgeadhach*, " air ceann Finn mheic *Cubhaill* ⁊ *seacht* ccatha na <sup>41a.</sup> Gnāth-fhéine do chum mo thighe & mo theaghlaiigh féin go mbeireadh an *Bhéaltoine*<sup>1</sup> forrtha, ōir itá fleadh ullamh ionchaithmhe agam 'na n-orchill go ttí an *Bhealtoine*."

" As amhlaidh mur atā," air *Conán*, " an ball a n-aibeóρθaidhe na *cūig* fir *dhēag* so do mhaithiph na Féine do *bheith*, adēarthaidhe go mbeith Fían *Ēirionn* uile ann, uair itáid *cūigear* mac Finn mheic *Cubhaill* ann, ⁊ mac a mheic, & *Diarmaid* dēad-bhán dreach-sholus ō *Duibhne*, & triúr mac

<sup>1</sup> sic.

An Chearda Bēarra, .i. *Glas & Gēar & Gabha*, & Art mōr-bhuilleach mac Morna & misi *fēin*, Conán mac Morna, & maithe *oile* ō sin amach,” air *sē*; “*γ* do *budh* maith le Fionn *fleadh* *γ* féasta d’fhaghāil dūinn, & do fhéadfadhmis clú *γ* alla *γ* orrdhear[c]us na *fleidhe* sin do *chur* ort-sa,” air Conán. “Cuid eile dhe,” air *Conān*, “*nī bhfuil* baile *bō nō* leath-bhō a n-*Ēirinn gan* coinnmheadh cinnte comhchoitcheanda ann anois acht muna *bhfuilid* ar *fleidh* chugad-sa.”

“*Truagh* sin,” air in *gaisgeadhach*, “*dob fhearr* liom-sa cúig *cūigidh* na h-*Ēirionn* *γ* tríucha<sup>1</sup> *chēad* na *Mídhe* do shiubhal, mur itá *cōigeadh* mōr-dhālach *Mumhan*, & *cōigeadh* *lāimh-dhearg* *Laighean*, & *cōigeadh* *caoimh-áluinn* *Connacht*, & *cōigeadh* *ollbhladhach* *Uladh*, *nō* an *tōicheasdal* *fleidhe* do-rinne *mē fēin* do dhul amugha orm mur so.”

“*Nī rachaidh* amugha ort go *deimhin*,” air Conán, “*dā ccaitear* linne í; *ōir* ní *dōigh* linne *coineamh* *budh* fearr *nā* na *cūig* fir *dhēag* so d’fhaghāil cruinn air áon-lāthair, a n-*én-āit* a n-*Ēirinn*,” air *sē*; “& *fós* ní *bhfuil* *dā mhéad* *ullmhugh* do-rinne tusa, *nach bhfuil* lucht *dā chaitheamh* ann so.”

Leis sin *tucc* an *gaisgeadhach* ubhla as beinn a *bhruit* *γ* *tucc* ubhall i lláimh gacha fir dhíobh, & *beanus* Conán greim as ’ubhall *féin*, & *ithios* é don dara greim.

<sup>1</sup> Is. *ucha, ucha, ucha.*

H. 5. 28, 42a.

“A Fhiana *Ēirionn*,” air in *gaisgeadhach*,  
 “air ithabhuir *bhur n-ubhla* ?”

“Do itheamur go *deimhin*,” air Conán, “*γ* na huile *dhiombuadha* orm *féin*,” air *sē*, “*nach bhfuair mē d’aoibhneas nō d’aiér*, do cheól nō d’fhoirfide ariamh ní *budh* binne leam nā a fhios do *bheith* agam go mbēaruinn beō air *én-sháith* amháin dona *hubhlaibh* sin d’fhagháil arís.”

“Atáid seacht *n-abhallghairt* don *mhunadh* sin agam-sa,” air an *gaisgeadhach*, “*γ* do-ghēabha *siph-si bhur sāith dhíobh* go ttí an *Bheltane*.

“Ní *hamhlaidh tā*,” air Conán, “& atá dhá ní *nach bia*[i]nn *féin* *sáitheach dhíobh* go bráth do *rēir baramhla*.”

“*Crēad* an dá ní sin ?” air in *gaisgeadhach*.

“Mo *sháith connspóide γ mo sháith* dona *hubhlaibh* sin,” air *Conān*.

“Is *deimhin* liom,” air in *gaisgeadhach*, “go bhfuighe tú do *sháith* do cheachtar acu sin úaim-si suil tig an *mBealtaine*<sup>1</sup>; acht amháin,” air in *gaisgeadhach*, “nī *fhidir-si* an *ttiubhra sibh-si* cuma *choisidheacht dhamh pféin* nō go roichidh mo dhún *γ mo dheagh-bhaile féin*,” air *sē*.

“Na *huilidh dhiombuadha* air an mbéal sin!” air *Conān*. “An é *nach ttiubhramaois* cuma *choisidheacht duit-si* & go mbeirmid air <sup>42a.</sup> na *haghaibh eallaidh* do rith ?”

Mur do-chualaidh in *gaisgeadhach* sin, tōgbhus ‘*eadach* *ōs meallaidh* a mhás, agus gluaiseas

<sup>1</sup> *sic*.

roimhe 'na chéimionai**ibh** reatha ro-luatha do mhaoilinn gacha mōr-chnuic, ⁊ d'íosioll gacha gleanna, & tarsa gacha hinbheir, ⁊ do dhruim gacha faithche, & do ghaineamh gacha trāgha; & leanuid na *cūig* fir dhēag sin d'Fhianaibh Ēirionn é do mhaoilinn gacha cnuic, & do thaobh gacha tulcha, ⁊ do bharr gacha gleanna, go rug neóin ⁊ deireadh laoí orrtha.

Fanus in *gaisgeadhach* riú um *thrāthnōna* do ló, & adubhairt:

“Dair liom *fēin*, a Fhiana Ēirionn,” air sē, “cē do-*chuidh* teisd lúais orai**ibh**, ní ro-luath na daoine siph; & aig súd thall mo bhruigheansa, ⁊ gluaisidh inte; & rachad-sa do sholár bídh chuguibh.”

“Is olc *tarla* dhūinn,” air Conán, “mās anois itá bíadh dā sholár dhūinn ⁊ *fleadh* ullamh agad a ccoinne Fhiana Ēirionn uile, mās fíor duit *fēin*; & is *cosmhail* nach bhfaghuim-si mo shāith dona hubhlaibh do ghealluis in *tan* nach bhfuil bíadh na *hoidhche* anocht ullamh air ar gceann.”

“Ní bhíadh tú diomdhach aig imtheacht,” air in *gaisgeadhach*; “& gluaisidh don mbruighin, & leanfad-sa go haithghearr sibh.”

A haithle in *chomhráidh* sin gluaisid don mbruighin & beanus Conán teallach teintidhe umach ⁊ do-rinne *malc* teineadh tréin-mhóire gan dé, gan deachtuigh.

H. 5. 28, 42b.

Adubhairt Oisín in *tan sin* ag labhairt, “Ní bhfuil leaba in laoiġh eallaidh a n-Ēirinn,” air sē, “nach raibhe mē fēin úair éigin do ló nō <sup>42b.</sup> d’aoídhche ann um luighe nō um shuidhe, um chodhladh nō um dhūsġadh, & ní fhidir mē cía an áit si ina ttarla mē anocht, acht amháin gurb é mo dhōigh nār rugadh as Ēirinn amach mé.”

Agus adubhairt gach áon acu in céadna acht Diarmaid ō Duibhne, & ní dhubhairt go raibhe a fhios aige nō nach roibh.

“Créad an tocht sin ort ? a mheic ī Dhuibhne,” air Oisín, “gan a fhios do thabhairt dūinn an ball a bhfuilmíd, nō a rādh nach bhfuil a fhios agad acht mur fhear oile d’Fhianaibh Ēirionn.”

“Atā aithne & neamh-aithne agam air in mbruighin si,” air Diarmaid ; “& tēigheadh fear agaibh-si amach,” air sē, “d’fhēachain an bhfuigheadh sē cárrtha comh-mōr cloiche a n-ur-sainn na bruighne ; & dā bhfagthur inneōsad dhīb an ball a bhfuiltí, & muna bhfagthar ní bhfuil sgēala agam-sa cā ttarla sibh, acht mur gach gaisġeadhach oile d’Fhianaibh Ēirionn.”

Ēirġhighius Conán go hurlamh im-ēasġaidh, & tucc lāmh thapaidh laochdha air a leathán-armaibh, agus timchiollus an bhruighean ᳚ innsíos do Dhiarmaid in cárrtha do bheith ann.

“Sealg throm-thorthach do comhmōradh le Fionn agus le Fianaibh Ēirionn,” air Diarmaid, “& do dūisġeadh leō míolta más-ghearra moighe,

& sionnuigh chealgacha chaibliatha, & agha im-dhísgre eallaidh in lā sin. Agus do shuidh in rí-fhēindidh ina dhúmha sealga an uair sin, & nī tharla áon-duine an' fhochair ann acht misi, & tuitios a thorchiom súain agus sār-chudallta fair, & níorbh fhada dhó air in ccodladh sin an uair ro amuis misi do phreib a lár m'ochta & m'úr-bhruinne, gur chuiris móinlinn fola for-dheirge tair mo bhéal & tar mo bhruinne umach. 43a. Éirghim-si 'mo sheasamh an uair sin go bhfeirg mhō[i]r & go saobh-nós & mo dhruim ris in ccartha úd amuigh, & tógbhuim an líog mhōr chloiche, & aimsiom an rí-fhéindidh a ccraoidhe a dhā bhonn, gur chuiris mōinlinn fola air súil gach én-mheóir do dheich mēaroibh a chos amach. Mūsglus an rí-fhēindidh as a chulladh in tan sin, & cuirios lāmh a ndornchladh i chlaidhimh, & tēighim-si a cceand m'airm air in lāthair sin dom chosnamh air an rí-fhēinnidh.

“ ‘Dair liom fēin, a chara ⁊ a chomhdhalta, a mheic úí Dhuibhne,’ air Fionn, ‘do fhóbrus fēin go marbhuint don chur sa thú. Fís & aisling tárfas dhamh air in ccodladh,’ air sē, ‘.i. go ttōgeōbhaidhe bruighean air an áit so, & go ttiubharrthaidhe airc bhruighne air Fhianaibh Éirionn inte is mō dā roibheadur ariamh.’

“ Agus is é in cártha úd amuigh do bhaóí re mo dhruim an uair sin, & as í so Bruighean Eochaidh Bhig Dheirg, & is é Eochaidh fēin in gaisg-



H. 5. 28, 43b.

*eadhach* úd do tharring ann so sibh ; & itā feall  
 ⁊ *fionghail* dā *cuma chugaibh* aig *Tuathaibh Dē*  
*Danann* re seacht mbliadhnuibh go leith ; & is  
 inte so itā a ndán díbh an airc bhruighne sin  
 d'fhaghāil," air *Diarmaid*, " & dob fhearr dhíobh  
 nach ttaigeōbhadh inte sibh *anocht*, & measuim  
 fós go mbiadh a *chuid* ubhall searbh aige *Conán*,  
 cē gur mhōr ro thaitnighdear lais."

" Na huile dhiombuadha orm ! " air *Conān*,  
 " mās fearr liom ní dhā ttiucfadh dhe nō iaróg ⁊  
 imreasuin."

43b.

Is í sin úair & aimsir fā ttāinic brughaidh  
 bō-chēadach dā *mhuintir* do chum Finn mheic  
*Cubhail* áit i raibhe, & adubhairt go raibhe coirm  
 ⁊ cósir aige d'Fhionn & d'Fhianaibh *Ēirionn* go  
 mbeireadh in Bhealtaine orrtha.

" Is *cosmhail*," air Fionn, " mā do bhádor  
 deocha garga gabháltacha agad gur fhēachabhair  
 iad suil do thógbhuis amach, an úair dob āil  
 coirm & cōisir do thabhairt do sheacht catha  
 na Gnāth-fhéine nō go mbeireadh in Bhealtainne  
 orrtha, & gur trom le fearaibh *Ēirionn* a *ccoin-*  
*mheadh* an fad sin," air sē ; " & cē thusa féin,  
 'óglāigh, tucc an gealladh maith sin uáit ? " air  
 Fionn.

" Bruighidh bō-chēadach dot *mhuintir*-si mē,"  
 air in t-óglāch, ".i. Dearg mac Dīonartaigh, &  
 dob āil liom a n-éiric a bhfúarus do bhúair, agus  
 do bhō-thāinte, ⁊ do ghreadhan sguab-leabhar

úait-si coinnmheadh cinte do thabhairt duit-si & dot mhuintir, a rí-fhēindidh,” air sē, “go ttí an Bhealtaine.”

“Máiseadh,” air Fionn, “beir mo mhná 7 mo mhacradh leat, beir mo choin 7 mo ghadhair leat, beir m’aois ciúil 7 oirfide & ealadhna leat, 7 leanfad fēin um thrā[th]nōno thú.”

44a. Gluaiseas an Dearg rumpu dā dhún 7 dā dheagh-bhaile fēin, & ní mōr go rāinic leō socrughadh ann in tan it-choncudur Fionn cuca, & suigheas air slios na bruighne & tugadh uisce lāmh chuige & cuirios a ordóg fōna dhéad fis, & is é in t-adhbhur fār chuir Fionn sin, .i. fad chongunta na<sup>1</sup> Féine ō chēile, & a liacht námha & eascharuid do bhī acu, & d’fhēachain an bhfoillseōchaidhe dhó drong ēigin d’Fhianaibh Ēirionn do bheith a n-airc nō a n-ēigean ō namhaid nó ō eascharuid dā raibhe aca an uair sin. Agus do foillsigheadh dhó na cūig fir dhēag sin do mhaithibh na Féine do bheith<sup>2</sup> a mBruighin Eochaidh Bhig Dheirg, & feall 7 fionghal dā cuma cuca aig Eochaidh & aig Tuathaibh Dē Danann.

Ēlaídhuis Fionn as in ccathraigh gan fhios d’aoin-neach dā mhuintir, óir níorbh áil leis in tōicheastal fleidhe do-rinne in Dearg mac Dīonur-taigh do mhilleadh uime, & gluaisius roimhe mur sin ’na uath agus ’na áonar, & níor mhoth-aigh aon-duine é acht Aodh Beag mac Finn, & leanus air a lorg é; & aig dul tair áth thairis

<sup>1</sup> ls. na na.

<sup>2</sup> ls. ueth.

H. 5. 28, 44b.

d'Fhionn do mhothaigh in gaisgeadhach 'na dhíadh isan áth, & fiafraighius cia ro bhaoí ann. Adubhairt-sion gurb ē a mhac-san ro bhaoí ann, .i. Aodh Beag mac Finn.

“ Is mōr an iarraidh air mhasla & air mhí-chlū dhuit-si tieacht<sup>1</sup> ann so seach gaisgeadhach eile d'Fhianaibh,” air Fionn.

“ Is fearr liom-sa,” air Áodh, “mo chlū ⁊ m'alla ⁊ m'ard-nós do chur a mbēalaibh súath & sean-chadh aig fēachuin mo lāimhe ⁊ mo lainne a ccorpaibh curadh ⁊ cath-mhíleadh id chuidachta-sa, a rí-fhēindidh,” air sē.

“ Gluais chugam,” air Fionn.

Trialluid air aón, ⁊ nī dhearnadur fos nō comh-naidhe nō go rāngadar Bruighean Eochaidh Bhig Dheirg, & ba lūath-ghāireach lán-intinneach na cūig fir dhēag sin do bhī san mbruighin air faicsin Fhinn ⁊ a mhic chuca. Agus suighid in días<sup>44b</sup> churadh sin a bhfochair na ccūig bhfear ndéucc sin ; & níor chían dāibh ann in tan do-chonncadur Eochaidh Beag Dearg aig teacht asteach, & is eadh adubhairt :

“ Go mbeannuighidh in fír-Dhía forōrdha dhuit, a Fhinn mheic Cubhaill,” air sē, “ agus is feir[r]de an ball i ttāinic tú, & is miste an ball do fháguibh tú, a rí-fhēindidh, & itā tuilleadh coinnmhe aguinn amuigh ann so, & is maith linn in dara leat<sup>1</sup> don mbruighin do lēigin cuca.

<sup>1</sup> ls. *ti + e* ard + *acht*-nod.

“ Cía híad sin ? ” air *Fionn*.

“ Aodh mac Aodh Finn Léith itā trī chēad gaisgeadhach do Thuaitibh dīsgreach[a] dealbh-mhaiseacha Dē Danann.”

“ Tabhair asteach iad,” air *Fionn*.

Tugadh na trī chēad gaisgeadhach sin isteach, ⁊ suighid air an leith eile<sup>1</sup> don mbruighin, & do bhī gach áon aca aig tōgbhāil fíocha ⁊ fuatha ⁊ faltanuis dona seacht bhfearaibh dēag d’Fhianaibh Ēirionn do bhī astigh rompo.

Tāinic Eochaidh Beag Dearg asteach a cceand a thuath ’na dhíadh sin & adubhairt :

“ A rí-fhēinnidh,” air sē, “ itá Conn mac Aodh Finn Lēith son dorus trī chēad gaisgeadhach.”

“ Léigtheair isteach iat,” air *Fionn*.

Do bhādur sē chēad gaisgeadhach do Thuathaibh Dē Danann air thaobh don mbruighin an uair sin, & gan acht seacht bhfir dhēag air in taoibh eile dhi, & gacha aon diobh aig tōgbhāil fuatha & faltanuis dā chēile.

Tig Eochaidh Beag Dearg in treás feacht asteach & adubhairt :

“ A rí-fhēindidh,” air sē, “ itá Cabhlach inghean Aodh Finn Lēith san dorus trī chēad banghaisgeadhach.”

“ Léigtheair isteach íat,” air *Fionn*.

Tāinic Cabhlach asteach, trī chēad banghaisgeadhach, ⁊ is amhlaidh do bhādur ⁊ bogha

<sup>1</sup> ls. *ii*.

H. 5. 28, 45a.

gearr i lláimh gach mná díobh, & nī theilgdís duine nach buaidís, & nī bhúaidís duine nach marbhdís. <sup>45a.</sup>

“A Chonáin mheic Mhorna,” air Fionn, “do-bhēaruinn doirseóreacht na bruighne si inocht duit.”

“Gabhuim chugam í,” air Conān, “& na huile dhiombuadha orm,” air Conān, “mā lēigim duine dā bhfuil inte amach, nō duine dā bhfuil amuigh asteach acht re do chead-sa, a rí-fhēindídh,” air sē.

Suidhios Conān a n-ursainn na bruighne ann sin, & gabhus arm áigh agus iorghaile chuige & a threathlamh catha & cruadh-chomhraic 'na thimchioll, & níor chían dó ann in tan it-chonnuirc Tuatha Dē Danann aig fēachain amach & gean gáire aig gabháil gach áon díobh. Féachus Conān amach, & do-chí óglāch mór modurtha mī-sgiambach a n-ursainn na bruighne, & folt slim sleamhain snúadh-dorcha dlúith diabhlaidhe dathghrānda fair, & mailghe mothlacha mong-gharbho, & súile lannardha luaimneacha loch-líatha leathan-ghlasa ina cheand, & coltur sróna silteach sriabhānach go ndos ndeatuigh dían-mhōire dā tharring ōs a cheann, & aon-bhéal mantach minic-fhliuch ina mhéigh mhōr-fhairsing ōs cumpur a gharbh-chléiph.

Táinic isteach fān tuairim sin & iarrus Fionn air suighe san leith thall.

“Nī shuighfe,” air in t-óglāch, “& dā mbeith a fhios agam cia haguibh-si is fearr do chuirfinn as áit & as ionadh é, & do shuidhfinn fēin ann.”

“Innsim-si dhuit,” air *Fionn*, “gurb é in fear maol sin aig an dorus neach is fearr aguinne.”

45b. Beirius in fear mōr air dhā iosgaid air *Conān*, & teilgius air mullach a chinn san lód mhúnlaigh do bhí<sup>1</sup> a n-ursainn na bruighne é, & suidhius fēin ina áit & ina ionadh. *Ēirghighius Conān* go bhfeirg mhō[i]r & go saobh-nós & glacus an fear mōr, & do bhí<sup>2</sup> *Fionn* & *Fiana Ēirionn* aig greasocht *Chonáin*, agus *Tuatha Dē Danann* aig greasacht an fhir mhō[i]r. Fa hé críoch & deireadh na coinghleaca sin go tucc *Conān* cor a n-aghaidh a lūth agus a nearta don fhear mhōr gur thomhuis lethead a dhroma do lár & do lán-talmhain, & beanus alt sgeine sgoith-ghēire umach, & sgabus a cheand dā cholainn gan fhuighioll, gan uireasbhaidh, & teilgius in cholann san lód mhúnlaigh inar cuireadh ē fēin roimhe sin, & congbus in ceand ina laimh dā chomhmaoi-dheamh re *Tuathaibh Dē Danann*.

*Aubhairt Cabhlach, inghean Aodh Finn Lēith*, “Na huile olc ó thalamh go lár chugam, a *Chonāin*,” air sí, “ō do thuit mo bhrāthair leat go ttuitfe tú liom nō go ttuitfe mē leat mur an ccéadna.”

<sup>1</sup> ls. *vi*.

<sup>2</sup> ls. *vi*.

H. 5. 28, 46a.

Ēirghios Cabhlach & beirios air *Conān*, & beirius *Conán* uirthé ; & do bhī *Fionn* & *Fiana* Ēirionn aig *greasacht* *Chonáin*, & do bhādur *Tuatha Dē Danann* aig *greasocht* *Chabhlaigh*. Ōs le *Cabhlaigh* budh treisi, tucc cor a n-aghaidh a lūth & a nearta do *Chonān* gur *thomhuis* *leathad* a dhroma do lár & do lán-talmhain ; & do chuir glún air, agus do bhī an glún ag dul tríd go talamh ; & ceanglus *Cabhlach* *Conān* air in lāthair sin go dáor *dochrach* ; & do bhí a n-*ēigean* mhōr aice.

“ A Dhiarmaid ú Dhuibhne,” air *Conán*, “ a lámh láidir, & a chuinge catha, & a ursa áigh agus iorghaile, & a<sup>1</sup> lámh nār lagadh a ccath nā a ccomhrac riamh, ní bhfuairis neach a n-airc nā a n-*ēigean* nach bhfuaisgeōltā dhó : fuaisgail mē fēin ōn ccailligh si inocht.”

Ēirghighius *Diarmaid* d'fhurtacht *Chonáin*, & gabhus in chraoiseach chró-dhearg chrann-reamhur chruadh-righinn thana throm-fháobhrach shlinn-ghēar lena ttéigheadh leath lúth & nearta as námha & as eascaraid lē fhaicsin nō lē fírfhéachain<sup>2</sup> méad a nimhe & a húrghráine ; & dob áil leis an chailleach do dhiübhraiceadh.

46a.

Cuirios *Fionn* lámh ann ⁊ cuirios 'na shuidhe ina áit ⁊ 'na ionadh fēin é, & adubhairt :

“ Is geis damh-sa,” air sē, “ a chomhrac do

<sup>1</sup> ls. i.    <sup>2</sup> ls. -fhéachain.

thoirmeascc um neach air bioth, & nī bheanfadhí súd ē acht mur gach neach eile.”

Ō nār lēigeadh do Dhiarmaid dul d’ionnsoigh na caillighe, do chuir neart na gualanna chum na huilleanna, & neart na huilleanna chum an chruibh, & neart in chruibh chum na meór, & cuirios a mheór a samhmadhuibh<sup>1</sup> na sleighe slime sleimhne slínn-ghēire. Agus leis sin cuirios Fionn lāmh a n-irlinn<sup>2</sup> na sleighe dā fasdágh, óir nīorbh áil leis neimh na sleighe do bhúain don ccailligh; & air bhfasdōgh na sleighe d’Fhionn beanus braon neimhe do chinn na sleighe don ccailligh gur bhean dhā ttrían<sup>3</sup> a lúth & a meisnigh dhí.

“A Chonáin,” air in chailleach, “in bhfidir tú crēad do-bheir an fad so gan dícheandadh agam-sa thú?”

“Nī idir,” air Conān, “acht na huile dhiombuadha orm dā madh tusa do bheith sa riocht so agam-so go mbeanfuinn do cheand & do choimhēad beatha dhíot gan choigill, gan chairde.”

“Māiseadh,” air in chailleach, “misi do bhí bliadhain a bhfriotheōlamh Fhinn mheic Cubhail, agus do bhí tusa ’suirghe riom an fad sin; giodh eadh, nī raibhe tū d’fhear agam ariamh.

“Ní meiste,” air Conān, “ní móide go mbía[i]n[n] mur sin.”

<sup>1</sup> 12 F 7 súanaibh = súaineamh nó súaineamhaibh.

<sup>2</sup> sic = urlainn.

<sup>3</sup> ls. án, án, án.



H. 5. 28, 46b.

*Agus* mur do fuair *Conān* aire na caillighe & na Fēine air a *chēile*, fuair amus air in cceangal do bhaof air do sgaoileadh, ⁊ tug biodhgadh éttrom *ēnamhail* *ōs ceand* na caillighe, & cuirios in chailleach faof, & *beanus altan sgeine* sgoith-<sup>46b.</sup> *ghēire* amach, & gearrus an falach leathair do bhaof fā thóin na caillighe, & gabhus aig dul chúiche mur a dhícheall. As a haithle sin *beanus* a sgrán amach, & dob áil leis a ceann agus a coimhēad beatha do bhúain don ccailligh.

“A Chonáin,” air in chailleach, “nā marbh mē & do-bhēar fēin fuasgladh asam.”

“Crēad an fuasgladh sin?” air *Conān*.

“Tā,” air in chailleach, “nach bhfuil bun tuir nō tuim fā thríocha chéad don mbaile si anocht gan a lán do Thuathaibh dísgreacha dealbh-mhaiseach[a] *Dē Danann* ann, aig *bruith feille* ⁊ *fionghala* oruibh-si, na seacht bhfir *dhēag* sin d’*Fhianaibh Éirionn*, & trī *chēad ban-ghaisgidheach* air mo *chomhairle*-si san mbruighin si anocht, & trī *chēad* bogha gearr aca, & ní theilgid duine nach búailid & nī bhuailid duine nach marbhuid, & *beanfad* a ccongnamh sin do *Thuathaibh Dē Danann* anocht.”

“A Fhinn,” air *Conān*, “in ngēabha mé súd?”

“Nā diúlt congnamh dā bhfuighe tú,” air Fionn.

Sgaoileas *Conān* don ccailligh iair sin, & imdhighios Cabhlach as an mbruighin amach & na trī *chēad ban-ghaisgidheach* sin maille rē.

Suidheas *Conān* a n-ursain na bruighne arís, & ní fada ro bhaói ann in *tan* it-chonnuirc *Tuatha Dē Danann* aig *fēachain* amach & gean gáire aig *gabháil* gach áon díobh fō seach. *Fēachus Conān* amach, & do-chí *ōglāch* mōr modarrtha mí-sgiamhach san dorus, & *cú ghearr dhubh* air slabhradh iarainn ina láimh, & gur suaill nach loisgeadh sí an bhruighean le gach aon-chaoir theintidhe dā ccuireadh tair a craos agus tair a *garmain* amach, & <sup>1</sup>a dhā bhonn<sup>1</sup> fā theann aig iarraidh thieacht<sup>2</sup> asteach.

Tig *ōglāch* na cona duibh[e] asteach, ⁊ adubhairt :

“Go mbeanduigh na *dēe duit*, a *Fhinn mheic Cubhail*,” air *sē*, “& do-chuala *féin* nār dhiúlt tū én-neach ariamh fā éigsi nō fā athchuinghidh, & dob áil liom *féin* comhrac con d’fhagháil uait.”

“Do-ghēabha tú sin go deimhin,” air *Fionn*.

Na huile dhiombuadha air an mbéal sin !” air *Conān* : “*crēad* um nach bhfuigheadh do mhadradh craosach dubh-sa comhrac ann so, & na seacht ccoin *dēag* is fearr a bhFianaidheacht astigh si unocht.”

*Léigius Conān* a chú *féin* don choin duibh ann sin, & dā madh *cú shaoghalta* an *chū dhubh* nīor bhaoghal do choin *Chonāin*, & *ō nārbh eadh* do marbhadh cú *Chonáin*.

“Dair leam *fēin*,” air *Conān*, “do marbhadh mo *chū*.”

<sup>1-1</sup> sic.    <sup>2</sup> eacht mar adubhradh cheana, lch. 51, n. 1.

H. 5. 28, 47b.

“Do marbhadh go deimhin,” air óglāch na cona duibhe.

“Na huile dhiombuadha oram,” air Conān, “go ndíoghōla mē air chnāmhaibh do chinn an fhiaghnuise sin do-rinne tú fā mo choin do mharbhadh.”

Do léig Oisín a chú féin don choin duibh, & marbhtur cú Oisín. Do léig mac uí Dhuibhne a chú don choin duibh ⁊ marbhtur cū Dhiarmada. Lēigid trī meic an Chearda Bēarra a ttrī coin, ⁊ do mharbh in chú dhubh íat. Do léig Art Mōrbhuilleach mac Morna a chū, & marbhtur cū Airt.

Mur do-chonnuirc<sup>1</sup> cú Fhinn sin, .i. Bran, do ghabh eagla ⁊ uamhan mōr í air bhfaicsin na ccon oile dā marbhadh ⁊ dā maslughadh 'na fiaghnuise, & do-chuaidh i riocht cona bige fā ghlún Fhinn.

“A Bhran,” air Fionn, “nach cumhain leat gur tú do mharbh in cat nimhe do bhí a cCruachain, léir thuit mōrán d'fhearaibh Éirionn?” “A Bhran,” air Fionn, “nach cumhain leat gur tú do mharbh in torc nimhe do bhí a mBeinn Ghulban?”

Mur do-chualaidh Bran sin tucc crothadh <sup>47b.</sup> anbháil urrthe ⁊ do bhris a hiall, ⁊ tucc in dara crothadh urrtha & do-chuaidh 'na riocht féin, & tucc aghaidh air in ccoin duibh. Agus do bhádor

<sup>1</sup> ls. do connuirt.

*Fionn* & *Fíana Éirionn* aig greasacht *Bhran*, & *Tuatha Dē Danann* aig greasacht na cona duibhe. Agus do bhī *Bran* dā maslughadh ⁊ dā mōr-mhaothadh aig in ccoin duibh, & do bhī bróg d'airgead aithlea[gh]tha fā chrobh dheas *Bhran*; ⁊ d'ēirigh *Diarmaid* ō *Duibhne* & beirios air áird gach con dīobh, & congubhus ō *chēile* íat gur sgaoil *Conán* an bhrōg do *Bhran*. Is ann sin tucc *Bran* siothadh santach sár-lūthmhur dā crobh tosaigh a mbrāghaid na cona duibhe gur lēig a hapach & a hinathur aisde, & gur thuit marbh a bhfiaghuise cháich.

“Dair liom *fēin*,” air in fear mōr, “do marbhadh mo chū.”

“Do marbhadh go deimhin,” air *Conān*, “aig tarring a chlaidhimh & aig bualadh óglāigh na cona duibhe a ccomhrac in chinn ⁊ [in] mhuiníl, gur sgar a cheann rē cholainn, & teilgius in cholann san lód mhúnlaigh do bhí a n-ursainn na bruighne, & congubhus in ceand dā chomhmaoidheamh re *Tuathaibh Dē Danann*.

Suidhios *Conān* a n-ursainn na bruighne, & do bhī treimhsi & tamall ann, ⁊ do-chí óglāch 'tieacht isteach & omur uisce ōs árd a ghualann aige, & tig a bhfiaghuise *Fhinn*.

“Cad dob áil leat, 'óglāigh?” air *Fionn*.

“Dob áil liom,” air in t-óglāch, “giodh bē haguibh-si neach is fearr go n-innēolainn a chosa ⁊ a lámha as [an] omur so.”

H. 5. 28, 48a.

“Innsim duit,” air *Fionn*, “gurb é in fear máol sin aig in dorus *neach* is fearr aguinne.”

Iontóighios in t-ōglāch is fágbhús in t-*omur* a bhfiaghnuise *Chonáin*. Tōgbhús *Conán* a dhā láimh, & dob āil leis a ccur a n-aoinfheacht san *omur*. 48a.

“Fóill ort, a *Chonáin*, air *Fionn*, “fēach cé an ball dot bhallaibh is lugha díoth leat 'bheith d'easbhaidh ort.”

“Laoidigín mo choisi sin,” air *Conān*.

Cuirios *Conān* laoidigín a choisi isin *omur*, ⁊ dorinneadh min & luathreadh dhe.

“Na huile dhiombuadha orm,” air *Conán*, “mās fearr do las laoidigín mo choisi nō lasfas mē h'fheoil ⁊ h'fhinn-leathar san *omur* sa,” aig breith air in ōglāch ⁊ dā leagadh tarnsna an omair, ionnus go ndearnadh mion ⁊ luaithreadh dā fheoil ⁊ dā chnámhaibh. Agus tógbhús *Conān* in t-*omur* ōs árd a ghúalann ⁊ adubhairt, “A *Tuatha Dē Danann*,” air sé, “dā mbeith ní budh measa inā so aguinne, do budh *cead* linn bhur ccuid do bheith aguibh-si dhe,” & croitheas in t-*uisce* orra, ⁊ níor *bhean* bráon beag nō mōr d'áon-*neach* aca don *omur* nachar las a fheoil ⁊ a fhinn-leathar dhe.

“A *Chonáin*,” air *Tuatha Dē Danann*, “is olc in fear ion-tighe dhūinne thusa *anocht*.”

“Na huile dhiombuadha orm,” air *Conān*, “dā raibhe mē go lā aon-úair is fearr d'fhear ēin-tighe mē inā anois.”

Suidhius *Conān* a n-ursainn na bruighne, & do-chí *Tuatha Dē Danann* aig *fēachain* umach, ⁊ gean *gāire* aig *gabhāil* gach aoin *dīobh*. Dearcus *Conān* amach, ⁊ do-chī *óglāch* a' tieacht isteach, is torc garbh glas-liath air a ghúalainn, is léigius in torc air lár air urlár na bruighne, & *beanus* criothnughadh asin mbruighin uile.

“Aig sin *agaibh*,” air in *t-óglāch*, “feis ⁊ [a]oigheacht do chuir *Eochaidh Beag Dearg* chug-*aibh*.”

“Ní mur sin do gheall sinne do ríar,” air *Conān*, “an uair do thucc don mbruighin si sinn.”

8b. *Ēirghid naoi naonmhuir* do *Thuathaibh Dē Danann* do chum in tuirc, & níor fhéadadur áon-chor do bhúain as an torc *dā thabhairt* do chum na *teineadh*.

“Na huile dhiombuadha *oraibh*,” air *Conān*, “is mur sin is maith linn mur bhfaghāil gan lúth, gan *lāidireacht*,” & *ēirghighios fēin* do chum in tuirc ⁊ níor fhéad áon-chor do bhúain ass.

“Na huile dhiombuadha orm,” air *Conān*, “ó nach bhféadim in torc do thabhairt do chum na *teineadh*, go mbēara mē in teine do chum in tuirc.”

*Ēirghighius Conān*, & níor fhāgaibh aobheall *nō aithinne* don *teinidh nār* fhadaigh a *ttimechioll* in tuirc; & *tarla mían* tochais do *Chonān* an uair sin, & léigius a dhruim ris in *teinidh*, & mur do mhothaigh in torc draoidheacht' a ghúair-

H. 5. 28, 49a.

*each* & a fhionfaðh aig lasaðh, tucc crothadh air, & níor fhāgaihbh aoibheall nō aithinne don teiniðh nār chuir fā dhruim 7 fā tharrbhach<sup>1</sup> *Conāin*, & beirios *Conān féin* 'no chosaibh leis tair dorus na bruighne umach.

Ēirghius *Conān* ann sin go bhfeirg mhō[i]r 7 go saobh-nós, & gabhus a earradh áigh & iorghaile 7 a threathlamb catha 7 cruadh-chomhraic uime, 7 timchiollus in bhruighean & beirios ar in fhear tucc in torc chuige.

“Na huile dhīombuadha orm,” air *Conān*, “go ndiögheōla mē air chnāmhaibh do chinn a ndearna an torc úd orm.”

“Fōill ort, a *Chonāin*,” air in t-ōglāch, “do bhēar féin fuasgladh asam.”

“Créad an fuasgladh sin?” air in *Conān*.

“An torc ughad bruite air cheithre bearuibh,” air in t-ōglāch.

“Cā hainm atā ort?” air *Conān*.

“Conghus,” air sē.

“A Fhinn,” air *Conān*, “a' ngēabha mé súd.”

“Gabh do chuid gach áit a bhfuighe tú é,” air *Fionn*.

Naisgius *Conān* sin air an ōglāch 7 tucc san rātha gréini & éusgu, 7 ranna nimhe & talmhan,<sup>49a</sup> re sin do chomhall dó. Do bhí Conghus amuith treimhsi 7 tamall, 7 tucc an torc leis bruighthe air cheithre bearoibh, 7 tucc a láimh *Chonāin* íat.

<sup>1</sup> sic.

“Is *furas* liom so do roinn,” air *Conān*, “óir an én-*chomhroinn* is lugha do bhí aig an rí-*fhēindidh* ariamh níorbh *fhuráil* dō *ceathromh* tuirc d’*fhaghāil*, ⁊ do-*bheirim* an *cheathromh* sa dhó; & an én-*chomhruinn* is lúgh[a] do bhí aig na *cūig* fearaibh *dēag* sin an’ *fhochair* níorbh *fhuráil* dōibh *ceathramh* tuirc, & do-*bheirim* in *cheathramh* eile so *dōibh*; & an én-*chomhroinn* is lugh[a] do bhí aig na *sē* conuibh *dēag* do bhí astigh si anocht níorbh *fhuráil* dōibh *ceathromh* tuirc d’*fhaghāil*, & *ōsī Bran* do-rinne a n-áit uile do-*bheirim* in *treas ceathromh* so dhí; & ní mōr liom *fēin* an *cheathromh* eile so do *bheith* agam a n-*ēiric* a *bhfūarus* do *mhaslo* ⁊ do *mhí-mhodh* a *ttāinic* don aoidhche; & faghuidh-si ní dhíbh *pfēin*, a *Thuatha Dē Danann*, nō bíthí folomh,” air *sē*.

Mur do-*chualaidh* Aodh mac Aodh Finn *Lēith* sin *tucc* *siothadh* d’ionnsoigh *Chonāin* ⁊ *fúadaois* in *cheathromh* uadha. *Ēirghighius Conān*, & *fuadaois* an *cheathromh* ó *Áodh*, ⁊ *buailleas* dorn air an *mbéal* air, gur *fhāguibh* bolgum fola *for-dheirge* ina *bhéal* a n-*ionadh* in *ghreama*. Mur do-*chonnuirc* Conn mac Aodh Finn *Lēith* sin, *tucc* *siothadh* d’ionnsoigh *Chonāin*, ⁊ *fúadus* an *sgían* ⁊ in *cheathromh* úadh. *Ēirghius Conān* go *bhfeirg mhō[i]r* & go *saobh-nós*, ⁊ *beanus* an *sgían* ⁊ an *cheathromh* do *Chonn*, ⁊ *fuair* *ōglāch dā mhuintir* roimhe air in *tslighe*, ⁊ *beanus* a *cheann de* d’aon-*bhéim*, & *teilgius* in *cholann* san *lód*



H. 5. 23, 49b.

mhúnlaigh do bhaof a n-ursainn na bruighne, & <sup>49b.</sup> congbus an ceand dā chomhmaoidheamh re Tuathaibh Dē Danann.

Niorbh fhada do Chonān mur sin an uair do-chí aitheach dúr diabhlaidhe dath-ghrāna aig teacht asteach & én-shúil mhōr mhodarra a cceart-lár 'aighche ⁊ 'édain, & folt fada fíor-dhorcha dlúith dath-ghrāna fair, & cuar-bheōl craosach capach cam-fhliuch ós compur a gharbh-chlēibh, & slabhradh im-reamhur aith-gharbh iarnaidhe ina láimh, & go rachadh cionn curadh nō cath-mhíleadh i ngach fāinne don tshlabhradh soin. Agus tucc aghaidh mur i raibhe Fionn fōn ionnus sin, & iarrus Fionn air suighe san leath thall don mbruighin.

“Nī shuighfe,” air an t-aitheach, “acht dob áil liom malairt chomhraic d'fhaghāil ōn tí is fearr mur ghaisgeadhach aiguibh-si.”

“An fear maol sin aig an dorus fear comhraic is fearr aguinne,” air Fionn.

“Na huile dhiombuadha air an mbéal sin!” air Conān, “créad um nach bhfuightheā do dhíol chomhraic ann so, & na seacht bhfir dhēag is fearr lūth & lámhach & lán-choibhleadh a bhFianaigheacht astigh anocht & is líonmhúire do fēachadh a lāthair chatha & chruadhchomhraic <sup>1</sup>? & gē gur misi neach is táire dhíobh do-bhēar chomhrac<sup>2</sup> tar cheand an iomláin duit-si.”

<sup>1</sup> Is. cruadhchomhraich.<sup>2</sup> sic.

“Māiseadh,” air in t-aitheach, “is amhlaidh is mían liom-sa comhrac do dhēnamh, fear dhíonn do shuighe air gach ursainn don mbruighin, & a cheann do chur isan lúib itā air cheann in tshlabhraidh so, & gíodh bē dhíonn thairreónus an fear eile *chuíge*, a cheann & a choimhéad beatha do bhúain de.

50a.

“Táim deóntach,” air *Conān* “ōir luighim fōna dēibh adharrtha,” air sē, “gíodh hádhbhéil do thruime ⁊ gíodh grāineamhail an fhuil-phēist *chuirp* fil agad, go mbúailfe misi don leath a mbiaid *féin* don mbruighin d’én-tarring thú, ionnus go ccuirfid balla na *caithreacha* as áit & as ionadh don torann sin, & go ndéna mē mion-bhrúthar dot trom-chnāmhaibh piasadamhla,” air *Conān*.

As a haithle sin suidhius *Conán* don leath a raibhe *Fionn* ⁊ *Fiana* *Ēirionn* don mbruighin, & suidhius an fear mōr don leath i roibheadur *Tuatha Dē Danann*; ⁊ tuccadur a ndá chúla re chéile, & do *chuir* gach fear aca a cheann a lúib in tshlabhraidh & do bhádur re haithidh n-imchéin aig súgh ⁊ aig sreangadh, aig teibheadh<sup>1</sup> & aig tairring, aig fúadach ⁊ aig fásgadh a chéile, gan fios tláis nō time nō tarcuisgne air cheachtar díobh. Acht cheana do bhí do mhéad truíme ⁊ toirteamhlacht<sup>2</sup> an aithigh, & a ghlioca & a ghaosmhúireacht a n-ealadhnaichaibh doilfe diabhlaidhe draoidheachta, nār fhéad *Conān* áon-

<sup>1</sup> sic.<sup>2</sup> ls. toirteamheamhlacht.

H. 5. 28, 50b.

chor do bhúain as, acht mur charraic cheannghairbh chomhdhaingin chloiche, ionnus gurbh ē críoch<sup>1</sup> ⁊ forcheand na coinghleaca sin go ttucc in fómhóir fír-ghránda fāsgadh feardha foirteamhail air Conān, gur tharring thairis mhuilleach<sup>2</sup> a chinn é & gur bhfuáil fō lár ⁊ fō lán-talmhain ina cheartfhiaghnuise é. Agus cuirius glún a meadhón a chlēibh air, & do bhí an glún aig dol tríd go talmhuin, & dob áil leis a cheann ⁊ a cho[i]mhéad beatha do bhúain de gan fhuigheall gan fhuireasbhaidh.

“A Dhíarmuid uí Dhuibhne,” air Conān, “a lámh láidir & a chuinge catha ⁊ cruadhchomhraic, ⁊ a thréin-fhir nār lagadh a n-ágh nō a n-iorghail ariamh, & nach bhfuair áon-neach a n-airc nō a n-ēigean riamh nach bhfuaisgeóltā dhó, fuasgail mē fein ōn ēigean so a bhfuilim aig an fhomóir ur-ghrāna so.”

50b.

Ēirghius an leōmhan lán-lú[th]mhur & an draig dhásachtach ⁊ an ciorrbhughadh curadh & an bráth biodhbhadh ⁊ an tonn iombáite & an t-ársaign iorghaile, .i. Diarmaid déad-bhān, dreachsholus dath-áloinn ō Duibhne. Agus ghlacus in chraoiseach chadad cheand-ghorm chruadh-righinn chrō-fhairsing do bhíodh air búan-lasadh nimhe in tan nach bhfaghadh a múchadh nō a fothracadh a ccorpuibh curadh ⁊ cath-mhíleadh; ⁊ dob áil leis an t-aitheach do dhiúbhracadh.

<sup>1</sup> ls. *chrioch*.<sup>2</sup> *sic*.

Cuirius *Fionn* lámh d'fhasdādh na sleighe, & cuirius *Diarmaid* 'na shuighe ina áit & ina ionadh *fēin*.

“Is geis damh-sa,” air *Fionn*, “comhrac aonfhir do thoirmeasg, & muna bheith sin do [budh] maith linn furtacht d'fhaghāil do Chonán.”

Suighios *Diarmaid* go tuirseach imshníomhach, oír do *budh* truagh doilghigh leis *Conān* do bheith isin n-éigean ina roibh a n-alt na huaire sin; agus is amhlaidh tarla *Diarmaid* & ubhall dona hubhlaibh tucc in gaisgidheach dhōibh a ttosach an laoi do bheith dā iomlat ina lámh aige feadh na hoidhche; & mur nār lēigeadh dhó airm d'imbhirt<sup>1</sup> air an aitheach, tucc rogha an urchair, gan chaime gan chlaoine, don ubhail<sup>1</sup> air an aitheach a cceart-lár 'aighche & 'éadain, ionnus gur theilg an én-tshúil do bhī aige as a háit 7 as a hionadh, 7 gur fhan an t-ubhall ina háit. Sgreadus 7 sgréachus an t-aitheach<sup>2</sup> go huathmhar aigmhéil & go neimhneach naimhdighe o neimh an chréacht & an áladh; 7 do-bheir an lámh do bhī a muinél *Chonāin* aige d'fhurtacht na súl (*gēar* bhó hí an *chabhair* iar n-éis), & tucc fuighseamh san ghlún do bhī aige a ccliabh *Chonáin*, ionnus air mothugh an *aslaigh* sin do *Chonān* go ttucc biodhgadh bóbdha báoth-éadrom, 7 ēirghe athlómh énamhail, os ceann an fhir mhō[ī]r air, & gur chuir in t-aitheach<sup>3</sup> faoi, 7 gur cheangail

<sup>1</sup> sic.<sup>2</sup> Is. táithe.uch.<sup>3</sup> Is. táiteach.

H. 5. 28, 51b.

go dáor dochrach cáol a dhā chos ⁊ cháol<sup>1</sup> a dhā lāmh ⁊ caol a chinn ⁊ a mhúinéil.

<sup>2</sup> “Na huile dhiombuadha orm,” air Conān, “nach ba hionann sin a bhfuil astigh ⁊ amuigh do Thuathaibh Dē Danann nach beirid gan dīcheandadh ort agam-sa anois<sup>2</sup> !”

“Nā déna, a Chonāin,” air an fear mōr, “nā marbh mē, ⁊ do-bhēar féin fuasgladh maith asam.”

“Crēad an fuasgladh sin ?” air Conān. “Tā náonmhur air fhichid mac agam,” air an fear mōr, “⁊ is mó ⁊ is airde ⁊ [is] ath-uathmhúire gach fear dhíobh nō mé féin ; & do bhādur seacht mbliadhna a bhfortuaithe ifrinn aig foghlaim draoidheacht & diabhlaidhacht, ⁊ is amhlaidh atāid ⁊ naoi sleagha fithchead aca do fuair a bhfabhuirt a bhfódhomain shrotha Stiox a n-ifreann, ⁊ nī fhanann neart mhná seól a n-én-duine d’fhearaibh na talmhan do-chífeadh amharc ēn-úaire air áon sleigh dhíobh sin ; ⁊ itāid air amus na bruighne so anocht, ⁊ nī roibhe do mhoill orrtha gan teacht asteach ⁊ na sleagha sin do nochtadh a bhfiaghnuise Fhinn ⁊ na gcūig bhfear ndég úd an’ fhochair & a ndīcheannadh ann sin, air ttréigint a lúth ⁊ a neart re faicsin na sleagh sin, acht misi dot chur-sa as an tshlighe, ōs ort nach luighionn draoidheacht, & tóigeōbhad a ccongnamh sin dhíbh-si anocht ⁊ léig m’anam liom,” air sē.

51b.

<sup>1</sup> sic.

<sup>2-2</sup> sic.

“A Fhinn,” air Conān, “an ghéabha<sup>1</sup> mē súd ?”

“Nā diúlt gach congnamh dā bhfuighe tú re linn anfhórlainn,” air Fionn.

Naisgios Conān sin air an bhfear mōr, & tucc san rātha gréine & ēusga & ranna nimhe ⁊ talmhan re sin do chomhall dó. Sgaoileas Conān dó iair sin, & ēirghighius 'na shuidhe & adubhairt :

“A Chonáin,” air sē, “fagh giolla dhamh anois bhéarus amach a cceand mo chloinne mē do chomhall mo bhrēithire duit.”

“Na huile dhiombuadha orm !” air Conān, “dā mbeith agam, mur nach bhfuil, nach ccuirfinn giolla nō teachtaire leat do bhrigh nach roibhis dott iarraidh an uair tāinic tú, & fós gur láith<sup>1</sup> dot mhuintir féin astigh si anocht nō dom muintirsa ; & fagh giolla ót thriath ⁊ ót thighearna, .i. Eochaidh Beag Dearg, nō sgarfad do cheann re do cholainn gan mhoill.”

“A Eochaidh,” air an fear mōr, “cuir duine liom a cceann mo chloinne suil bheanfus Conān mo cheann diom, uair do fhanus dall re mo rē do lámhach meic uí Dhuibhne.”

<sup>52a.</sup> Cuirios Eochaidh fear dā mhuintir leis & imdhighius an fear ameasg a chloinne, ⁊ do nocht dōibh gach ar ēirigh dhó, ⁊ thóiguibh leis ōn mbruighin fat amhail mur do gheall.

<sup>1</sup> sic.

H. 5. 28, 52b.

Suidhius *Conān* a n-ursainn na bruighne ann sin & ē *meirtneach* máoth-lag<sup>1</sup> ōna bhfúair do mhasla ḡ do mhí-mhodh *feadh* na *hoidhche* & *adubhairt* :

“A *Dhiarmaid* uí *Dhuibhne*,” air *sē*, “a laóich nār *leōnadh* a *ccath nō* a *ccomhrac* ariamh ḡ *nach* bhfuair *neach* a n-*airc nō* a n-*ēigean* ariamh *nach* bhfuaisgeoltā dhó, *fuasgail* damh *fēin* ōn *mōr-éigean* ina *bhfuilim* anois.”

“*Crēad* an t-*ēigean* sin ?” air *Diarmaid*.

“Tā *teasbhach* trén *tarta* ḡ *robhairt* ro-íotan orm ōna bhfúarus d’*olc* ḡ d’*anfhorlann feadh* na *hoidhche*, & go *hāirithe* ōn *fhomhóir* *urghrānda* úd, ḡ *fagh-sa* *deoch* *dhamh nō* ní *bham* beó *tieacht* an laóí, ḡ *fós* do-dhén do *ghríosadh* ḡ do *ghlāmhadh* sul *bhus* *marbh mē*.”

“*Dair* mo *bhrēithir* ámh,” air *Diarmaid*, “as gníomh *doilghigh* sin, *ōir* nī *bhfuil* *aithne nō* *eólus* agam air *inbhear* nō air *uisce* *dā* *mbeanann* don *mbruighin* si, ḡ *fós* *tā* do *mhēad* *dorchacht*’ na *hoidche* *nach* *budh* *léir* *dhamh* *cá* *conuir* a *ngēabhainn* ; ḡ ní *eile dhe*,” air *Diarmaid*, “nī *bhfuil* *corn nō* *cupán* agam ina *mbēaruinn* *digh* *cugad* *dā* *mbeith* *eólus* na *tiobruda* agam, *mur* *nach* *bhfuil*.”

“A *Dhiarmaid*,” air *Conán*, “*nach* *cumhain* *leat-sa* *créd* do-*rinne* mo *bhrāthair-si* *dhuit*, .i. *Goll* gníomh-*ēachtach* *mac Morno*, a *ccath* *Fionn-trāgha*, in *tan* do *bhī* tú air *ttréigint* do *lúth* ḡ do

<sup>1</sup> ls. *mháoth-lag*.

52b. nearta  $\bar{o}$  líonmhuireacht do chneadh  $\gamma$  do chrēacht  $\gamma$   $\bar{o}$  theibeirsíom<sup>1</sup> na fola as do chneadhaibh, & tú air ttréigion do mheisnigh  $\bar{o}$  mhéd do tharta & h'íotan ? <sup>2</sup> Agus is eadh do-rinne Goll an uair sin, tucc sgíath tair lorg do shluaghaibh Rígh in Domhain, ionnus nār léig guin ghaoí nō *chlaidhimh* chugad nō gur ól tú do thrí sháith as an tiobraid do bhí air cúlaibh na slúagh, ionnus go raibhe tú fionn-fhuair<sup>3</sup> falláin a cceadóir d'ionnsoigh in chatha. Agus ciodh dhuit-si nach tteabharrthā digh cugam-sa d'aimhdheóin a bhfuil amuigh & astigh do Thuathaibh Dē Danann ? Agus a Dhiarmaid," air sē, "dā madh bean do bhíadh ann so, is gasta do-bhēarthā deoch chuce."

"A Chonāin," air Diarmaid, "nā dén mo ghlāmhadh nīsa mhō,  $\gamma$  do-bhēara mē deoch chugad, nō tuitfead fēin air a shon."

Éirgheadhas Diarmaid ann sin, & do ghabh ionar suaithnidhe sreabmaidhe srōil a ccustal a gheil-chneis, & do ghabh lúireach leathán liathghlas  $\bar{o}$ s uachtar an ionair. Do ghabh sgabal ciumhsach ceardach umā gheal-bhrāghaid, & cathbharr cuanna ceardamhail lán do chlochaibh buadha  $\gamma$  bisigh thíre na hAifrice, & do bhádur ceithre géamha a n-éadan an chathbhairr sin do-bhēaradh soillsi do shluaghaibh in bheatha a n-aoidhche duibh-rée. Do ghabh a dhā shleigh

<sup>1</sup> sic (recte theibeirsin).

<sup>2</sup> ls. h'íotan

<sup>3</sup> sic.



H. 5. 28, 53a.

shénta *shlinn-ghorma*, & a dhā chraoisigh chrann-reamhra chrō-fhairsinge chatha do bhíodh air búan-lasadh nō go bhfaghdís a múchadh a bhfuil 53a. 7 a bhfolruachtadh curadh 7 *cath-mhíleadh*. Do ghabh a dhā mhanáois mhōra mhuirneacha, & do ghabh an sgiath dhrolach dhualach lán do litreachaibh ōrdha dā innsi nach raibhe air cúl sgēith nō claidhimh san domhan laoch budh fearr gal 7 gaisgeadh & gníomh-ēacht nā an trén-laoch sin. Do ghabh a chloidheamh iontláis ór-dhuirn air a thaobh clí, & ro ghair Bran leis, 7 ro fháguibh an bhruighean amhlaidh sin 'na uadh 7 'na aonur, & gan fhios aige cā conuir a ngēabhadh acht a cceand a nāmhad & 'easccarad.

Air ndol amach dhó tucc trī luath-chuarta a ttimchioll na bruighne, & go n-āirfidhthear gaineamh mara 7 duille[a]dh feadha ní hāirmhidhthear air thuit leis fēin & le Bran don ruathar sin do Thuathaibh Dē Danann; ōir, gach neach nach roicheadh Diarmaid chuige do bheanadh Bran an leath-chos, nō an leath-lāmh, nō an ceann, ōn ghualainn de.

Tarla do óglāch do bhaoi aig teitheadh roimhe Diarmaid tuitiom chum lāir suil do ghoin Diarmaid é, & adubhairt an t-óglāch :

“Séan 7 conāch ad chēimionnuibh gaisgidh, a Dhiarmaid uí Dhuibhne,” air sē, “& nā marbh mē fēin, 7 do-bhēar fuasgladh maith as m'anam duit.”

“Crēad an fuasgladh sin ?” air *Diarmaid*.

“Tā,” air in t-ōglāch, “do-dhén eólus duit *chum* na tiobrada itā air amus na bruighne si, .i. Tiobraid in tShrotha Ghil, ⁊ is í tiobraid is fearr ⁊ is milli *uisce* idir *cheithre* beannaibh na hÉireann í, & is amhlaidh atā in tiobruid anocht, .i.<sup>1</sup> *ban-ghaisgeadhach* do mhuintir *Eochaidh Bhig Dheirg* dar bhó comhainm *Grian Ghorm-shúileach*, *inghean rīgh* na hAntuaithe *dā coimhead*; ⁊ is dalta draoieachta do *Eochaidh* í, & is í bean is mō cumus ⁊ cumhachta draoidheachta san chruinne *cheathardha* hí; & fós do *rucc sī barr* air mhnāibh a comhainsire air dheilbh ⁊ air dhénamh, air inneall ⁊ air éccosg, & do-chuala misi lúath ⁊ iomrádh aice ort-sa go minic, & fós atáid *cúig cēad ban-ghaisgeadhach* air a cumus air amus na bruighne si inocht; & atā súil agam,” air in t-óglāch, “go tteabhraidh digh duit-si ó mhéin mhaith do réir an iomráidh do-chuala mē ort; & muna ttugadh d’áis, dob *ēidir* go ttiocfadh dhíot-sa a bhean<sup>2</sup> d’aimhdheóin di, oir do-chlos alla & ard-nós do ghníomh-sa feadh an domhain go huilidhe.”

“Éirigh,” air *Diarmaid*, “⁊ seól romham gus in tiobraid.”

*Agus* air tteacht a ngar don tiobraid *dōibh* do-chí *Diarmaid* an macaoimh mín-áloinn mná 'na

<sup>1</sup> .i. ag bun 53<sup>a</sup>—&.i. ag barr 53<sup>b</sup>.

<sup>2</sup> *sic*.

H. 5. 28, 54a.

suighe ōs úr an tobair, ⁊ dhā shleigh shéanta shlinn-leathna shlim-ghorma 'na seasamh rena gúalainn, ⁊ craoiseach chrann-reamhar chrō-fhairsing chatha ina lámh dheis, & claidheamh iontláis ór-dhuirn tarsna a dá ghlún, & sgiath dhrolach dhúalach litreach líneach lān-sholus air stúaithe-leirg a droma, & ceann-bheirt shuaithe nidh sholus-mhōr 'ma a ceand, & an iomad do chleasaibhána iolardha doilfe draoidheachta dā meabhradh ⁊ dā n-iomlat aice.

54a.

Airna faicsin<sup>1</sup> do *Dhiarmaid*, & air bhfaicsin na n-arm n-innillte n-ionfheadhma air a cheand, gabhus an chraoiseach chrō-fhairsing cheannsholus air nach dhídean<sup>2</sup> airm nō ēideadh ina lámh dheis, & gabhus a dhā shleigh shéanta shlinn-leathna ina lámh chlí & airm dhiúbhraice eile air-cheana ō sin amach, ⁊ dob áil leis in chraoiseach dhearg d'ionnioll air an mban-ghaisgeadhuidh.

“Fōill ort, a mheic uí Dhuibhne”, air an inghean: “nā déna bain-ēacht, óir ní imrim-si airm náid iol-fháobhair ort-sa; & gurb ē fíor-rinn do bheatha ⁊ do shláinte ann so, & itā a fhios aguinne gur aig iarraidh dighe do Chonán tāinic tú, & do-ghēabha tú gach a bhfuil tú d'iarraidh madh olc maith re Tuathaibh Dē Danann ē, gan iorghail gan arm-dheabhaidh.”

Air cclos na mbriathur sin do *Dhiarmaid*

<sup>1</sup> ls. *faichsin*.<sup>2</sup> *sic*.

druidios ris an *inghin*, & suidhios 'na fochair, & do-bheir póig dhí, & do-rinne lé aní nach luathfeam ann so. Agus a haithle an chaoimh-chomhráidh sin adubhairt an *inghean* :

“A *Dhiarmaid*,” air sí, “bí-si aig imtheacht anois, ⁊ beir bíadh ⁊ deoch d’ionnsoigh *Chonāin* madh olc maith re *Tuathaibh Dē Danann ē*; ōir itáid cūig *céad* ban-ghaisgeadhach do *Thuathaibh Dē Danann* air mo *chumus*-sa ann so anocht, & is íad mná is mō adhmhilleadh draoidheachta san domhan íat, & atā pruin *Chonāin* ōs comhair gach mnā dhíobh, & beir-si a lór-dháothan d’ionnsoigh *Chonāin* de. Agus fōs atā gach aon-bhean acu aig ullmhadh ⁊ aig inneall dhraoidheachta ⁊ diabhlaidheachta *chugibh*-si na seacht bhfir *dhēag* sin d’*Fhianaibh Ēirionn*, ōir is le haimsiugh & le hadhmhilleadh draoidheachta itā dúil aig *Tuathaibh Dē Danann* siph-si do chiorrbhadh ⁊ do chreapoll inocht, ⁊ ní re neart láimhe nō lainne. Acht cheana, do-bhēar-sa leighios duit-si as nach luighfe draoidheacht nō diabhlaidheacht ort *fēin* nō air áon-neach dot *chuideachta* an feadh bhías sibh a mbruighin *Eochaidh Bhig Dheirg*, ōir atā cuid do úir *Inse* na mBuadh agam ann so, ⁊ as do *bhuadhaibh* na húire sin nach luidhionn draoidheacht nō diabhlaidheacht air an tí agā mbíadh go ceann *naoi* lá ⁊ *naoi n-oidhche* ōn am fána bhfuighe í, ⁊ do-bhēar-sa

H. 5. 28, 55a.

an úir sin duit-si òir itā seirg ⁊ grádh<sup>1</sup> agam dhuit òn chéad-uair do-chualus lúadh ⁊ iomrádh ort.”

Fa lúath-ghāireach *Diarmaid* dona briatharaibh sin, & ēirghighius *Diarmaid*, ⁊ triallus<sup>2</sup> chum siubhail, ⁊ do-bheir an *inghean* pruin̄n cháoga laoch do bhíadh ⁊ do mhiodh sho-ólo dhó & corn cumhdaigh cloch-*bhuadhach* a ttimchioll na dighe, ⁊ do-bheir in úir dhó ⁊ órnasg óir air a roibheadur an iomad buadh mur chomharrtha seirce & síorghráidh, & do thoirbheir teōro póg dhó go dil & go díochra.

Do ghluais *Diarmaid* roimhe go rāinic an *bhruighean*, ⁊ do léig an trom-úalach sin air lár a bhfiaghnúise *Chonāin*.

“Dair liom,” air *Conān*, “atā biadh leat a [c]cuidreachta na dighe.”

“Itā go deimhin,” air *Diarmaid*, “òir measuim nach mō an tart atā ort-sa inā an t-ocras.”

“Na huile dhiombuadha orm-sa mās lífa caiscéim do-rinne tusa aig iarraidh na digh[e] si,” air *Conān*, “nō colann gan cheann ⁊ ceand gan cholainn fhúigfeas misi at fhíaghnúis'-si do 55a.

Acht cheana ro chaith *Conān* a lór-dhaothain bídh ⁊ dighe gur bhó subhach sāitheach ē, & air ccaitheamh na pruinne sin dó do ghabh aig

<sup>1</sup> Is. *ghradh*.

<sup>2</sup> Is. *all, all, allus*.

<sup>3</sup> *sic*.

ceangal a *chuirp* ina *chath-ēideadh catha* a n-*airrcís Tuatha Dē Danann* d'ionnsoighe. Do labhair ann sin ⁊ is *eadh adubhairt* :

“A *Dhiarmaid*,” air sē “atá ēigean orm-sa anois is mó *nā gach ēigean muna bhfóire tusa mē*.”

“*Crēad an t-ēigean sin ?*” air *Diarmaid*.

“*Atā*,” air *Conān*, “*fonn fúail ⁊ fearaidh* orm ⁊ ní *bham beó muna bhfagha mo chorp d'éttromadh úadh*, ⁊ *mā théim amach goinfid Tuatha Dē Danann* amuigh mé air *mbeith nochtuidh dhamh a bhfégmuis m'airm ⁊ m'ēididh* ; ⁊ *mā nīm* air an *leith a bhfuilid Tuatha Dē Danann* astigh é do-dhénaid *gáir mhagaidh ⁊ fhochmhaóide fúim re faicsin* mo nohta dhóibh ; ⁊ ní *míadh nō maisi mē dā dhēnamh* air an *leith a bhfuil* in *rí-fhēindidh nō thusa*, ⁊ *fós adēardís Tuatha Dē gurbh eagla do-bhéaradh* orm dul *dā dhēnamh* air in *leith a bhfuil sibh-si* ; & is *eadh* is *mían liom thusa d'ēirghe & sgiath tair lorg* do *thabhairt idir mē ⁊ Tuatha Dē an feadh bhías mē aig fearthain m'fhuail ⁊ m'fhearaidh*, go nach *gonuid mē leith mo chúil*, ⁊ *léigin idir mē fēin ⁊ íad-san ō sin amach*.”

*Ēirghighius Diarmaid* ⁊ gabhus in *chraoiseach dhearg* ina *lāimh chlí ⁊ a shleagha nimhe* ina *lāimh dheis ⁊ tēid idir Chonān ⁊ Tuatha Dē an feadh* do *bhī aig dēnamh fúail ⁊ fearaidh*, ⁊ níor

H. 5. 28, 55b.

lamh én-neach do Thuathaibh Dē madh beag 55b. glúasacht choisi nō láimhe ris an fad sin.

“ An bhfuilir réidh fós a Chonāin ? ” air *Diarmaid* ; óir do bhī *Diarmaid* dā bhuaidhreadh don mboltanus do bhí aig teacht ō *Chonān*.

“ Atāim réidh re dēnamh fuail ⁊ fearaidh,” air *Conān* ; “ ⁊ na huile dhiombuadha orm nach ba réidh mē,” air *Conān*, “ nō go bhfolaigh’ mé an toirt úd do chorpaibh ⁊ do cheannaibh Tuath Dē Danann, nō go ccuirfe mé d’fhiachaibh orrtha a breith amach air fhorghabhāil lámh,” air *sē*, “ óir ní míadh nō maisi liom súd do bheith air amharc air rí-fhēindeadh ; & gurb eadh dhénus tusa, a *Dhiarmaid*,” air *Conān*, “ suidh ann t’áit & inat ionadh féin, & mā gheibh tú anfhorlann oram-sa tarr dom chabhair, & muna bhfaghair nā cuir én-chor dhfot.”

Suidhius *Diarmaid* ina áit ⁊ ina ionadh féin, & téid *Conān* do cheangal a chuirp ina chath-ēideadh, & air ndol ina armaibh dhó tug aghaidh air Tuatha Dē Danann & ro fhiafraigh an roibhe *Eochaidh Beag Dearg* astigh.

“ Táim go deimhin,” air *Eochaidh*.

“ Māiseadh,” air *Conān*, “ bīodh do rogha agad, a chur d’fhiachaibh air do mhuintir gach a ndearna misi ann súd do chur amach, nō mo shlán-sa do bheith fúbh.<sup>1</sup>”

“ Is fusa dhúinn gach én-ní do dhēnamh,”

<sup>1</sup> sic.

air *Eochaidh*, “ nō do choinghleic-si do tharring oruinn.”

As a haithle sin éirghid *naonmhur* laoch do *Thuathaibh* dísgréacha dealbh-mhaiseacha *Dē Danann*, ⁊ do ghabhadur drolach fada fionnchuill & suip ⁊ sūgáin, ⁊ do thógbhadur an toirrcheas sin *Conāin* eatorra nō gur fhágbhadar san lód mhúnlaigh do bhí a n-ursainn na bruighne é.

56a. Suighios *Conān* ina áit ⁊ ina ionadh *fēin* iair sin ⁊ do bhí treimhsi & tamall mur sin, & do *fhēach* *Conān* amach ⁊ do-chí dronga dí-āirmhe do *Thuathaibh* *Dē Danann* aig *fēachain* trē fhuinneōgaibh na bruighne asteach, & adubhairt fear dhíobh :

“ A *Chonāin*,” air *sē*, “ is *furas* do mheateacht ⁊ do mhí-lúthmhuireacht d’aithniugh oír níor léig an eagla dhuit teacht re fúal nō re fearadh amach, & is *cosmhaile* le mnaoi nō le maothleanabh an gníomh do-rinne tú nō le *gaisgidheach* nō le *glan-chuiridh*, & do-ním fōm brēithir,” air in t-óglāch, “ dā mbēaruinn-si amuigh ort go sāighfinn crann-ghath mo shleighe ann do thóin, go nach déntā a leithit eile súd do mhí-nōs a lāthair deagh-dhaoíne go brāth arís.”

Air gclos na mbriathar sin do *Chonān* do bheir *ēirghe* athlomh *ēnamhail* air, & beirius air ulcha air an<sup>1</sup> óglāch a *leith* astigh don bhfuinneóig, ⁊ casus & cornus fōna gheal-dhóid í, &

<sup>1</sup> Is. air an an.



H. 5. 28, 56b.

búaileas dórn feartha fíor-láidir air bhun<sup>1</sup> na fēsóige ionnus gur sgab an smeich ⁊ an bél íochtarach ōn mhéidhe amach don óglāch, & do *thuit* an t-óglāch fáon fotharsna marbh a leith amuigh don mbruighin.

As a haithle sin suidhius *Conān* ina áit ⁊ ina ionadh féin, & ní cían ro bhaoi ann an tan do-chualaidh sían-ghārtha grāineamhla gāifeacha aig *Tuathaibh Dē Danann* dā ttógbháil a ttimchioll na bruighne, a ndúil go ccuirfidís úamhan ⁊ imeagla air na seacht bhfearaibh *dēag* sin d'Fhian-aibh *Ēirionn*. Airna chlos sin do *Chonān* ēirghius go hathlomh imēasgaidh, & níor thárruigh dā 56b. threathlamh acht a dhá tsleigh ⁊ a chloidheamh, ⁊ goireas Bran leis amach, ⁊ do-bheir luath-chuairt a ttimchioll na bruighne & ní bhfuadarar áon-neach 'na shuidhe nō 'na sheasamh nach dearnadur guin ghalann ⁊ cumthach<sup>2</sup> cnāimh-gheár[r]tha dhe. Tig Eochaidh Beag Dearg asteach, ⁊ is eadh adubhairt.

“A Fhinn mheic Cubhaill,” air sē, “rachaidh do mhasla ⁊ do mhī-chlú fō Ēirinn uile, uair atā *Conān* mac Morna ⁊ do chú aig marbhadh ⁊ aig mōr-mhaslughadh mo mhuintire,” air sē.

“Cia do-ghēabhainn dā n-anacal súd?” air *Fionn*.

“Do-ghēabhair misi,” air *Diarmaid Ō Duibhne*.  
Ēirghighius *Diarmaid* & gabhus a dhā shleigh

<sup>1</sup> Is. bhún.

<sup>2</sup> .i. comach (= briseadh).

& a chladheamh, ⁊ téid amach. Agus ní bhfuair áon-neach aig imtheacht ó Chonán nō ó Bhran nach déanadh guin ghalann ⁊ lāthair leadarrtha dhe.

Tig Eochaidh Beag Dearg asteach an dara feacht, & a chosa air crith, ⁊ a theanga air iomluaghail, & a ruisc air rúamnughadh ina cheand; ⁊ is eadh adubhairt:

“A rí-fhēindídh,” air sē, “is olc an t-anacal do-ní tú air mo mhuintir fēin anocht uair is é eadrán atā mac uí Dhuibhne do dhēnamh dom muintir, an mhéid imdhius ó Chonān mac Morna ⁊ ó Bhran díobh é fēin dā ccasguirt ⁊ dā ccnāimh-ghearradh.”

“Cia do-ghēabhainn dā n-eadrán súd?” air Fionn.

“Ní bhfuil féidhm nō tarbha dhamh-sa thusa do chur anaicail ortha,” air Eochaidh, “acht ris an Dord Fiansa do hseinm duit, oir is rē hseinm thiofcus a bhfuil amuigh dot mhuintir asteach.”

57a. “Is geis dō sin a sheinm,” air Fionn, “gan seacht ccatha na Gnāth-fhéine do bheith 'na thimchioll agā sheinm.

